



Dún Laoghaire Ráth an Dúin

Straitéis Aoisbhá 2016-2020

Dún Laoghaire Rathdown

Age Friendly Strategy 2016-2020



CLÁR NA N-ÁBHAR

NÓTA FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH, AN COMHAIRLEOIR BARRY SAUL.....	5
RÉAMHRÁ Ó DONAL MARREN, CATHAOIRLEACH AN CHOMHAONTAIS AOISBHÁ..	6
RÉAMHRÁ Ó PHILOMENA POOLE, PRÍOMHFHEIDHMEANNACH CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN (DLRCC)	7
BAILL DEN CHOMHAONTAS	8
RÉAMHRÁ & COMHTHÉACS CÚLRA	9
Comhthéacs Beartais Náisiúnta ar Aosú	9
An Comhthéacs Áitiúil	12
Cur Chuige Straitéiseach	13
Ag Éisteacht lenár bPobail	14
1. SPÁSANNA FAOIN AER & FOIRGNIMH.....	18
Forléargas	18
Na Pointí a luaigh daoine	19
Cinntí Tosaigh <u>HaPAI</u>	20
Na Céimeanna atá á dtógáil Anois	21
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Todhchaí	22
2. IOMPAR	24
Forléargas.....	24
Na Pointí a Luaigh Daoine	25
Cinntí Tosaigh <u>HaPAI</u>	26
Na Céimeanna atá á dtógáil Anois	27
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Todhchaí	28

3. TITHÍOCHT	30
Forléargas.....	30
Na Pointí a Luaigh Daoine.....	31
Cinntí Tosaigh HaPAI.....	32
Na Céimeanna atá á dtógáil Anois.....	33
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Todhchaí	35
4 COMHPHÁIRTÍOCHT SHÓISIALTA	37
Forléargas.....	37
Na Pointí a Luaigh Daoine.....	38
Cinntí Tosaigh HaPAI.....	40
Ná Céimeanna atá á dtógáil Anois.....	40
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Todhchaí	42
5 ÓMÓS AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA	44
Forléargas.....	44
Na Pointí a Luaigh Daoine.....	45
Cinntí Tosaigh HaPAI.....	46
Na Céimeanna atá á dtógáil Anois.....	46
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Todhchaí	48
6 COMHPHÁIRTÍOCHT SHIBHIALTA AGUS FOSTAÍOCHT	50
Forléargas.....	50
Na Pointí a Luaigh Daoine.....	51
Cinntí Tosaigh HaPAI.....	52
Ná Pointí atá á dtógáil Anois.....	52
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Todhchaí.....	53
7 CUMARSÁID AGUS EOLAS	54
Forléargas.....	54

Na Pointí a Luaigh Daoine	55
Cinntí Tosaigh HaPAI	56
Na Céimeanna atá á dtógáil Anois	56
Na Céimeanna a thógfaimid sa Toghcháil	59
8 TACAÍOCHT POBAIL AGUS SEIRBHÍSI SLÁINTE.....	61
Forléargas	61
Na Pointí a Luaigh Daoine.....	62
Cinntí Tosaigh HaPAI.....	63
Na Céimeanna atá á dtógáil Anois.....	64
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Toghcháil	66
9 SÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁNDÁIL	68
Forléargas	68
Na Pointí a Luaigh Daoine	69
Cinntí Tosaigh HaPAI.....	70
Na Céimeanna atá á dtógáil Anois.....	70
Na Céimeanna a Thógfaimid sa Toghcháil	72
CUR CHUN FEIDHME AGUS ATHBHREITHNIÚ	75
BUÍOCHAS	76
GLUAIS	77
GIORRÚCHÁIN	78
AGUISÍN 1	79

Nóta Fáilte ó Chathaoirleach, An Comhairleoir Barry Saul

Tá an-áthas orm fáiltiú roimh fhoilsiú Straitéis Aoisbhá Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2016 -2020. Tuigim go raibh baint ag réimse leathan daoine príobháideacha chomh maith le soláthróirí seirbhísí i réiteach an phlean seo, agus nuair a chuirfear chun feidhme an plean céanna is cinnte “go mbeidh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ina háit níos deise ná riamh le dul in aois inti.”

Mar Chathaoirleach is mian liom a dheimhniú go leanfaidh 6 Choiste Straitéiseach Beartas na Comhairle ag tacú leis an gClár Aoisbhá trí na prionsabail seo leanas a chur chun cinn:

- Feabhas a chur ar cháilíocht beatha daoine scothaosta sa chontae, go háirithe na daoine níos sine agus iad sin atá ar leithlis agus uaigneach.
- Comhpháirteachas le daoine scothaosta chun na pobail ina bhfuil siad a mhúnlú agus a fheabhsú chun tairbhe do na daoine ar fad.
- Cur chuige pleanála ilpháirtithe leasmhara atá oilte agus tacaíthe ag daoine scothaosta, a spreagadh.
- A bheith sásta foghlaim ‘céard a oibríonn’ sa chomhthéacs seo agus na cinní a úsáid chun cuir chuige níos fearr i leith pleanála do dhaoine scothaosta a fhoirmiú.

Thar cheann mo chomhchomhairleoirí táimid ag súil le bheith ag comhoibriú leis na páirtithe leasmhara uile le linn thréimhse an phlean seo agus le bheith ag obair chun an plean Straitéiseach Aoisbhá seo a chur chun feidhme agus é mar chuspóir againn go mbeidh an Contae aitheanta mar “áit iontach le dul in aois inti”.

Comhairleoir Barry Saul , Cathaoirleach DLRCC

Réamhrá – Donal Marren, Cathaoirleach an Chomhaontais Aoisbhá

An fhís atá ag an Rialtas agus ag Aoisbhá Éireann ná ‘an tír is fearr le dul in aois inti a dhéanamh d’Éirinn.’ Is réamhriachtanas chun an fhís sin a bhaint amach go nglacfaí le straitéis chuimsitheach a bhfuil dea-thaighde déanta ina leith.

Is iad na céad chéimeanna eile sa phróiseas ná cur chun feidhme na straitéise agus comhlíonadh na físe Aoisbhá. Féachann straitéis aoisbhách DLR le spriocanna atá soiléir, insroichte agus intomhaiste a leagan síos. Chun an fhís a bhaint amach beidh gá le rannpháirtíocht agus le tacaíocht pobail agus grúpaí deonacha, Líonra Daoine Scothaosta DLR, mar aon le cumainn spóirt agus cultúir. Ina theannta sin beidh gá le tacaíocht ón gComhairle Contae agus ó chomhlachtaí reachtúla eile, ní hamháin ó thaobh acmhainní de, ach trí na comhpháirtithe uile a bheith ag cur de chúram orthu féin na polasaithe bainteacha atá acu a dhéanamh aoisdíonach laistigh dá gcuid eagraíochtaí/gníomhaireachtaí féin. Tá Comhaontas Aoisbhá DLR fíor-bhuíoch faoin tacaíocht iontach a fhaigheann sé ó Chomhairle Contae DLR, ón nGarda Síochána, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó Bhord Oiliúna agus Oideachais Bhaile Átha Cliath-Dhún Laoghaire, (DDETB), ó Chomhlachas Tráchtála DLR, ó Líonra Daoine Scothaosta DLR, ó Aoisbhá Éireann agus ó na hinstiúidí tríú leibhéal sa chontae.

An dúshlán mór atá romhainn mar náisiún agus sa phobal áitiúil ná an dearcadh i leith aosú a athrú. Ní mór dúinn an bhéim a chur ar na pointí líonmhara dearfacha agus cuidiú le timpeallacht a chruthú a chuirfidh ar chumas daoine scothaosta ról luachmhar a ghlacadh i sochaí athraithe.

Tá eolas luachmhar ar fáil ó réamhthorthaí shuirbhé an Tionscnaimh um Sláinte agus um Aosú Dearfach (HaPAI) don chontae, a rinneadh sa tréimhse Iúil-Deireadh Fómhair 2015 agus a bheidh mar chúnamh do lucht déanta beartas agus do sholáthróirí seirbhísí i DLR. I measc na dtorthaí líonmhara dearfacha eile sa suirbhé bhí sé le rá ag 83% díobh sin a ceistíodh gur ‘thaitin go mór leo’ an ceantar ina bhfuil siad ina gcónaí, dúirt 90% gur mhothaigh siad go raibh siad slán sa bhaile agus ag dul thart i mbun a gcúraimí i rith an lae agus chuir 82% in iúl go raibh siad sásta leis na deiseanna chaitheamh aimsire sa cheantar. Tá sé soiléir go bhfuil go leor rudaí

dearfacha againn le bheith ag tógáil orthu agus aghaidh á tabhairt againn ar chéim chur i bhfeidhm na straitéise.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl dóibh sin uile a bhí páirteach chun straitéis Chontae Aoisbhá DLR a chur le chéile. **Donal Marren**

Réamhrá – Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLRCC)

Is Contae iontach é Dún Laoghaire-Ráth an Dúin le bheith ag cónaí, ag obair agus le teacht ar cuairt ann, ina bhfuil oidhreacht go smior ann agus dea-cháil air mar gheall ar a sléibhte ardscéimhe agus a líne chósta fíor-álainn. An aidhm atá againn ná a chinntiú gur Contae iontach é chomh maith le dul in aois ann. Tá daonra de thart ar 200,000 againn agus tá 14.7% díobh sin atá os cionn 65 - céatadán atá níos airde ná an meán náisiúnta. Tugann an phróifíl ar leithligh i nDún Laoghaire-Rath an Dúin fíordheis dúinn a bheith ag plé go fóinteach lenár bpobal scothaosta agus leis an stór de thaithí an tsaoil agus d'eolas atá acu chun leas phobal uile an chontae san am atá le teacht a mhúnlú.

I mí an Mheithimh, 2013 shínigh DLR Dearbhú Bhaile Átha Cliath do Chathracha agus Pobail Aoisbhácha, ag tabhairt le fios an tiomantas atá againn do bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe chun cáilíocht beatha daoine scothaosta a fheabhsú, chun ár gcuid córas agus seirbhísí sna hearnálacha agus i measc na bpáirtithe leasmhara uile a láidriú agus a chothabháil agus chun cultúr na nuála a spreagfaidh fás agus forbairt a chur chun cinn. Rinneadh an Straitéis Aoisbhá seo a fhorbairt i gcomhar lenár gcomhpháirtithe agus is céim chun tosaigh dhearfach í chun an cur chuige a bheidh againn chun tabhairt faoi shaincheisteanna atá ardaithe ag daoine scothaosta agus ag soláthróirí seirbhísí, a aithint, agus mar atá sé ar intinn againn na gealltanais a thugamar a chur i gcrích.

Trí bheith ag obair leis na baill den Chomhaontas Aoisbhá tá fíordheis againn chun spriocanna na Straitéise a bhaint amach agus chun roinnt feabhsúcháin dáiríre a dhéanamh a chuirfidh le leas an phobail agus le cáilíocht bheatha na saoránach scothaosta chun go mbeidh an Contae ina Áit Iontach le dul in aois ann.

Philomena Poole

Baill an Comhaontais

An Dr. Josephine Browne, Uachtarán an Chomhlachais Tráchtála

Peggy Crowley, Ionadaí Líonra na nDaoine Scothaosta (níl sí sa phictiúr)

An Sáirsint Angelene Conefry, An Garda Síochána

An Sáirsint Pat McDonald, An Garda Síochána

Geraldine Dunne, Bainisteoir Southside Travellers

Pat Doherty, Comhordaitheoir Réigiúnach Aoisbhá Éireann

An Dr. Bairbre Fleming, Stiúrthóir ar Oideachas Aosach, UCD (níl sí sa phictiúr)

Barbara Hammond, Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath/Dhún Laoghaire

Dearbhla Lawson, Stiúrthóir na Rannóige Geilleagair, Pobail agus Forbartha Cultúir
DLR

Donal Marren, Cathaoirleach an Chomhaontais agus Cathaoirleach Líonra na nDaoine
Scothaosta

John O' Neill, Ionadaí Líonra na nDaoine Scothaosta

Diarmuid O' Sullivan, Príomhcheannfort, An Garda Síochána (níl sé sa phictiúr)

Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae DLR

Martina Queally, Bainisteoir Réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Eilis Hession, Bainisteoir na nDaoine Scothaosta, HSE (níl sí sa phictiúr)

Cormac Shaw, Príomhfheidhmeannach Comhpháirtíocht an Dheasbhaile




Fíor1Comhaontas Aoisbhá

Réamhrá agus Comhthéacs Cúlra

Tá daonra an domhain ag dul in aois, agus tá go leor againn ag maireachtáil níos faide agus níos folláine agus an t-eispéireas atá againn den saol mar dhaoine aosta an-difriúil ón saol a bhí ag glúin ár seantuismitheoirí.

Faoi 2060, táthar ag súil go mbeidh duine as gach triúr san Eoraip os cionn 65. Cé go bhfuil an t-athrú ag tarlú níos moille in Éirinn ná i dtíortha eile na hEorpa tá líon na ndaoine in Éirinn atá os cionn 65 ag ardú.

Faoi láthair tá 12% de dhaonra na tíre os cionn 65, sin 550,590 duine; faoi 2036 measann an CSO go mbeidh 20% den daonra os cionn 65 (1,160,000 duine). Mar sin beidh líon na ndaoine os cionn 65 dúbailte laistigh de 25 bliain.



Faoi 2036 tiocfaidh méadú 250% ar líon na ndaoine os cionn 65

Faoi 2041 tiocfaidh méadú 400% ar líon na ndaoine os cionn 80

Tá dúshlán suntasach sochaí anseo mar a bhaineann sé leis an bhfórsa oibre, le cáilíocht na beatha agus le folláine agus le leithdháileadh acmhainní, lena n-áirítear buiséid. Ach, tugann sé seans maith dúinn chomh maith le féachaint ar an gcaoi is fearr le tacú le haosú sláintiúil gníomhach agus chun na deiseanna atá ann le haghaidh rannpháirtíocht agus comhpháirteachas an phobail a fheabhsú.

Comhthéacs Náisiúnta Beartais ar Aosú

Chun aghaidh a thabhairt ar an mear-athrú déimeagrafach seo agus lena chinntiú go mbeadh riachtanais na n-aosach á gcur in iúl trí chreat bríoch structúrtha, le tacaíocht an Rialtais, bunaíodh Clár náisiúnta na gCathracha agus na gContaetha Aoisbhá (AFCCP) i 2008 atá á leathnú amach ag Aoisbhá Éireann (AFI), le tacaíocht ó Dhaonchairdeas an Atlantaigh. Tá ag éirí go han-mhaith le hAFI agus lena chuid

clár go náisiúnta agus go háitiúil chun clár na gCathracha agus na gContaetha Aoisbhácha, clár na mBailte Móra Aoisbhácha, na gComhlachtaí Aoisbhácha agus eile, a chur chun cinn.

I Meán Fomhair, 2011 síníodh Dearbhú Bhaile Átha Cliath ar Chathracha agus Pobail Aoisbhácha ag an gcéad Comhdháil idirnáisiúnta de Chathracha Aoisbhácha.

Shínigh breis is 40 cathair ar fud an domhain an dearbhú, ag gealladh tiomantas mar chathracha aoisbhácha agus go háirithe le dul i mbun gnímh, lena n-áirítear:

1. Feasacht faoi dhaoine scothaosta agus a gcuid riachtanas a chur chun cinn
2. A chinntiú go gcloistear tuairimí daoine scothaosta agus go mbeidh luach leo.
3. Céimeanna a thógáil chun áiteanna uirbeacha agus eile atá uilechuimsitheach do gach duine agus go háirithe do daoine scothaosta, a fhorbairt.
4. Forbairt pobal uilechuimsitheach, lena n-áirítear tithe do dhaoine scothaosta, a chur chun cinn agus a thacú.
5. A bheith ag obair chun córais taistil phoiblí atá inrochtana agus inacmhainne do dhaoine scothaosta a bhunú.
6. Rannpháirtíocht daoine scothaosta i saol sóisialta agus cultúrtha a bpobal áitiúil a chur chun cinn.
7. Forbairt ar dheiseanna fostaíochta agus obair dheonach do dhaoine scothaosta a chur chun cinn agus tacú leo.
8. A chinntiú go mbíonn réimse cuimsitheach comhtháite tacaíochtaí pobail agus seirbhísí sláinte atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inrochtana go héasca, ar fáil do dhaoine scothaosta.

I mí an Mheithimh 2013 shínigh an Comhairleoir Carrie Smyth Dearbhú Bhaile Átha Cliath ar Chathracha agus Pobail Aoisbhácha ar son Chomhairle Contae DLR agus is mar thoradh go díreach ar an tiomantas sin go bhfuil DLRCC agus ár gcuid comhpháirithe tar éis an Clár Aoisbhá (AFP) agus prionsabal le haghaidh Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a thabhairt isteach.

Go náisiúnta tá an AFP á chur i bhfeidhm ag 31 údarás áitiúil ar fud na tíre. Tagann sé ó thionscnamh na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) faoi a bheith 'aoisbhách' (IAGG XVIII Comhdháil Dhomhanda i Rio de Janeiro, i 2005). Chun tacú

leis an gcoincheap aoisbhá tá roinnt polasaithe agus creat curtha le chéile ag an Rialtas, lena n-áirítear;

- An Straitéis Náisiúnta um Aosú 2013 (Foilseachán, 2013) a fheidhmíonn mar threoir pleanála do dhaonra atá ag dul in aois in Éirinn.
- An *'Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007'* a aithníonn seirbhísí agus tacaíochtaí a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha do dhaoine scothaosta mar thosaíocht,
- *'Clár an Rialtais 2011-2016'* a thugann tacaíocht do dhaoine scothaosta le fanacht ina gcuid tithe agus ina bpobal féin
- *'I dTreo 2016, Creat Deich mBlíana, Comhaontas Comhpháirtíochta Sóisialta (2006-2015)'* a fhéachann le haitheantas níos fearr a thabhairt do ról daoine scothaosta i sochaí na hÉireann.
- *'Tús Áite ag na Daoine. Clár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtúil (2012)'*,

Go háitiúil tacaíonn *'Plean Forbartha Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2016-2022'* le forbairt inbhuanaithe de phobal, le fostaíocht agus le timpeallacht áineas ar ardchaighdeán, lena chinntiú go mbeidh riachtanais na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair sa chontae faoi bhláth ar bhealach atá cothromasach go sóisialta, go geilleagrach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ina theannta sin tacaíonn *'Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2015-2019'* le rannpháirtíocht agus comhpháirteachas an phobail, lena n-áirítear saorálaíochas agus saorántacht ghníomhach, leis an bpríomhspríoc le *Straitéis agus Gníomhaíochtaí an Chláir Aoisbhá a réiteach agus a chur chun feidhme.*



An Taoiseach Enda Kenny TD ag caint le linn do Dhearbhú Bhaile átha Cliath a bheith á shíniú ag na 31 rialtas áitiúil ar fad ar 27ú Samhain 2014.

An Comhthéacs Áitiúil

Cé go bhfuil Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an gcontae is lú in Éirinn ó thaobh spáis de agus achar thart ar 125km² ann, tá an 6ú daonra is mó ann de na rialtais áitiúla ar fad le 206,261 duine ann (CSO 2011), sin ardú 6.3% ón daonáireamh deiridh i 2006. Tá próifíl aoise níos airde ná an meán de dhaoine atá os cionn 65 ag DLR le 14.7% den daonra (beagnach 30,000 duine).

I dteannta céatadán níos airde daoine atá os cionn 65 a bheith ann tá daonra sách éagsúil ag DLR, chomh maith, le 11% de na cónaitheoirí á gcur féin in aithne mar dhaoine nach Éireannaigh iad. Tá ceann de na leibhéil oideachais is airde d'aon Chontae sa Stát sa chontae agus tá an fhostaíocht ann go príomha sna hearnálacha gairmiúla, teicniúla, bainistíochta, rialtais agus tráchtála. Tá roinnt 11,000 duine sa chontae cláraithe mar dhaoine dífhostaithe i 2015.

Is contae ar leith atá faoi bhláth é DLR ina bhfuil codarsnachtaí de cheantair bheaga ardrachmasacha agus ceantair faoi mhíbhuntáiste. Ar an iomlán tá an Contae inrochtana go maith, go háirithe ar feadh na líne cósta le naisc chuig an gcathair agus príomhionaid eile agus ar ais, trí ghréasán maith iompair phoiblí lena n-áirítear DART, LUAS agus líonra busanna.

Tá gníomaíocht gheilleagrach dírithe ar phríomhcheantair gnó, lena n-áirítear Dún Droma, Áth an Ghainimh agus Dún Laoghaire mar aon le hionaid áitiúla mar

Charraig Dhubh, Stigh Lorgan agus Coill na Silíní. Go deimhin tá Coill na Silíní ar an saincheantar forbartha is mó sa Chontae agus táthar ag súil go ndéanfar forbairt ansin le linn na ndéich mbliana seo romhainn.

Tá cáil ar an gContae mar gheall ar an éagsúlacht inmhaíte sochmhainní nádúrtha agus cultúrtha atá ann ón 17 gcoiliméadar de líne chósta mhórthaibhseach go hardcheantair sáráilleachta nádúrtha ina n-áirítear Sléibhte Bhaile Átha Cliath.

Ar an iomlán is breá le daoine a bheith ina gcónaí i DLR, timpeallacht atá sábháilte agus insroichte agus is í an aidhm atá le Straitéis Chomhaontas Aoisbhá DLR ná le féachaint conas tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhshaol lena chinntiú go n-éireoidh an contae go fiú níos aoisbháiche fós.

Cur Chuige Straitéiseach

Mar shínitheoir Dhearbhú Bhaile Átha Cliath do Chathracha agus Pobail Aoisbhácha aontaíonn CCDLR cur chuige straitéiseach AFCCP a leanúint. Cuireann an cur chuige seasta seo ar ár gcumas an dul chun cinn atá á dhéanamh againn a chur i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile agus le bheith ag foghlaim ó thaithí a chéile.

Cuireadh an Comhaontas Aoisbhá seo againne ar bun go déanach i 2014, le hionadaithe sinsearach a ó phríomhsholáthróirí seirbhísí poiblí agus eagraíochtaí seirbhíse, atá bainteach leis an gContae, chun forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise a threorú. An aidhm atá ag an gComhaontas ná treoir a thabhairt don Straitéis Aoisbhá agus plean gníomhaíochta do DLR a fhorbairt chun aidhmeanna straitéiseacha aontaithe a sheachadadh agus chun faireachán agus comhordú a dhéanamh ar an dul chun cinn le gníomhaíochtaí agus nithe insoláthartha a aithint.

Mar a luadh cheana, d'aontaigh Comhaontas Aoisbhá DLR go mbeadh an straitéis agus cur chuige an chláir bunaithe ar aidhmeanna AFCCP agus seo iad:

- Go mbeidh féinriail ag daoine scothaosta mar a bhaineann sé le córais, seirbhísí agus cinní a imríonn tionchar orthu.
- Go mbeidh meas dáiríre ar dhaoine scothaosta, agus go dtuigtear go hiomlán luach a gcion tairbhe d'Éirinn agus do na pobail ina bhfuil siad ina gcónaí.

- Go mbeidh braistint dhearfach ag daoine scothaosta agus smacht acu ar a saol féin.
- Go mbeidh daoine scothaosta páirteach go hiomlán i saol an phobail agus gur annamh a bheidh aonrú sóisialta ann.
- Nach mbeidh claontacht ná idirdhealú in aghaidh daoine scothaosta in aon áit.
- Tacófar le daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách chomh fada agus is mian leo.
- Beidh cáilíocht beatha den scoth ag daoine scothaosta
- Laghdóidh comhthathú seirbhísí spleáchas agus seachnóidh dúbailt agus costais.
- Braithfidh daoine de gach aois go bhfuil siad páirteach i sochaí chuimsitheach, chothromasach.

An cur chuige atá ag AFCCP ná dul i dteagmháil le heagraíochtaí atá ag obair faoi láthair sa phobal, féachaint conas is féidir úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní atá ann chun freagairt do na buncheisteanna atá ag cur isteach ar dhaoine scothaosta. Baineann sé, chomh maith, le deimhin a dhéanamh go mbíonn daoine scothaosta lárnach agus na himeachtaí molta á mbeartú. Tá an cur chuige tógtha ar an mbonn -

Má dheartar don óige fágtar tú daoine aosta ar lár, ach má dheartar do dhaoine aosta beidh gach duine san áireamh (Glenn Miller, Stiúrthóir Oideachais agus Taighde, Institiúid Uirbeach Cheanada)

Agus an straitéis á forbairt baineadh úsáid as naoi dtéama mar bhonn le machnamh a dhéanamh ar na feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh lena chinntiú gur 'áit aoisbhách' atá in ár gContae. Tá an cur chuige seo ag teacht leis na straitéisí eile atá á bhforbairt ar fud na tíre, ina bhfuil sprioc dá réir ag dul le gach téama agus is mar sin atá an plean gníomhaíochta leagtha amach. Tá na naoi dtéama bunaithe ar chlár Chathracha Aoisbhácha WHO chomh maith le téama AFI 'Fan i do chónaí i do theach agus i do phobal féin'.

Naoi dTéama Chathracha Aoisbhácha WHO:

- 1 Spásanna faoin Aer agus Foirgnimh
- 2 Iompar
- 3 Tithíocht
- 4 Rannpháirtíocht Shóisialta
- 5 Ómós agus Cuimsiú Sóisialta
- 6 Comhpháirtíocht Shibhialta agus Fostaíocht
- 7 Cumarsáid agus Eolas
- 8 Tacaíocht an Phobail agus Seirbhísí Sláinte
- 9 Sábháilteacht agus Slándáil

Ag Éisteacht lenár bPobail

Go luath i 2015 chuaigh Comhairle contae DLR i mbun comhchomhairle cuimsitheach le daoine scothaosta bunaithe ar naoi dtéama a bhí aitheanta ag WHO agus ag Aoisbhá Éireann (AFI) faoi chonas ceantar a dhéanamh aoisbhách. Chuimsigh an chomhchomhairle seo 20 comhrá comhstadais a reachtáilleadh ag ionaid éagsúla ar fud an Chontae, le 334 duine os cionn 55 (Féach Aguisín 1 le haghaidh sonraí de na seisiúin comhchomhairle). Chuidigh cinní na seisiún comhchomhairle linn chun gníomhaíochtaí a aithint atá ionchorpraithe sa Phlean Gníomhaíochtaí faoi gach ceann de na naoi dtéama a bhfuil tagairt déanta dóibh cheana.



Fíor 2 Ionaid na gComhchomhairlí

Ina theannta sin, go déanach i Samhradh agus ibhFomhar 2015, le tacaíocht ó Dhaonchairdeas an Atlantaigh, tugadh faoi shuirbhé, mar chuid de chomhthionscnamh leis an Roinn Sláinte, an HSE agus Aoisbhá Éireann, chun an dul chun cinn i dtreo ‘áit iontach a dhéanamh d’Éirinn le dul in aois inti’ a thomhas. Tá an tionscadal seo ar a dtugtar “An Tionscnamh um Sláinte agus um Aosú Dearfach” (HaPAI) ag feidhmiú ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Mar chuid den phróiseas seo tugadh faoi shuirbhé i DLR atá ar cheann de 21 ceantar Údaráis Áitiúil inar tharla suirbhéanna HaPAI le linn 2015 agus 2016. Cuimsíonn suirbhé HaPAI ceisteanna chomh maith, a bhaineann le gach ceann de théamaí WHO.

In DLR, cuireadh agallamh ar 502 duine os cionn 55 bliana d’aois do shuirbhé HaPAI. Thaispeáin na torthaí, ar an iomlán, go bhfuil na daoine os cionn 55 atá ina gconaí i DLR sásta leis an timpeallacht áitiúil. Mar shampla, is maith le 83% de dhaoine a bheith ina gconaí sa chomharsanacht ina bhfuil siad agus tá 77% sásta leis an dreach go ginearálta agus leis an gothabháil. Ach, d’aimsigh an suirbhé

roinnt difríochtaí idir leibhéal sástachta na 'seanóirí níos óige' (55-69 bliana) agus daoine atá os cionn 70. Tugann torthaí an tsuirbhé le fios go bhfuil roinnt ceisteanna ann a d'fhéadfadh AFCCP aghaidh a thabhairt orthu ar mhaithe lena chinntiú go n-éireoidh le DLR dul i bhfeabhas níos mó mar áit le dul in aois inti. Tá tuilleadh cinntí ceannlíne tugtha i ngach caibidil.

Ta breis eolais faoi shuirbhé HaPAI/AFCC i 2015 ar fáil ag;

<http://health.gov.ie/blog/press-release/healthy-ireland-survey/>

Sa bhreis ar na comhráití comhstadais agus suirbhé HaPAI rinneadh méid suntasach taighde deisce. Chuimsigh sé seo anailís ar shonraí CSO, Pobal agus Airo le fáil amach, mar shampla, cá bhfuil daoine scothaosta lonnaithe, cleachtaí mapála le féachaint, mar a bhaineann le daoine scothaosta, cá bhfuil córais iompair, seirbhísí sláinte, An Garda Síochána, suite, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha agus ar cháipéisí ar aosú a foilsíodh le déanaí go háitiúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus go náisiúnta.

Is cúnamh an obair seo uile le bheith mar fhaisnéis d'fhís uileghabhálach le haghaidh na Straitéise do DLR;

Go mbeadh clú agus cáil ar DLR mar áit iontach le cónaí agus le dul in aois inti, ina bhfuil dea-cháilíocht beatha ag daoine i gcomhshaol atá aoisbhách agus inrochtana, agus go bhfuil an deis ag daoine ról gníomhach a ghlacadh chun cur le saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha an phobail ina bhfuil siad, ar feadh a saol ar fad.

Tacaíonn na 9 sprioc leis an bhfís seo agus leagfar amach iad sa Phlean Gníomhaíochta atá le teacht ina dhiaidh seo;

1. spásanna faoin aer agus foirgnimh a dhéanamh taitneamhach, glan, inrochtana agus sábháilte do dhaoine scothaosta, chun pobail ar féidir siúl thart iontu agus spásanna aoisbhácha a chruthú. **Pat please set out the goals**
2. seirbhísí iompair do gach duine, atá sábháilte, iontaofa, inrochtana agus ar ardchaighdeán, a chur chun cinn

3. Leanúntas níos feiliúnaí, gan uaim a chur ar fáil maidir le roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta
4. Deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scothaosta chun fanacht i dteagmháil go sóisialta agus le páirt ghníomhach a thógáil sa líonra sóisialta.
5. Cur in aghaidh steiréitíopaí, miotais agus tuairimí diúltacha faoi aosú agus chun claontacht agus idirdhealú in aghaidh daoine scothaosta a sheachaint.
6. Fostaíocht, saorálaíochas agus rannpháirtíocht shibhialta i measc daoine scothaosta a mhéadú
7. A chinntiú gur féidir le daoine scothaosta teacht go tráthúil ar eolas praiticiúil faoi chéard atá ag tarlú ina bpobail féin.
8. Seirbhísí sláinte agus seirbhísí pobail atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine scothaosta agus cúnaimh le, agus rochtain chuig gníomhaíochtaí laethúla agus cúram baile ar ardchaighdeán chomh maith le fónais chónaithe.
9. A chinntiú go mothaíonn daoine scothaosta slán agus sábháilte ina gcuid tithe agus fad a bhíonn siad ag dul ó áit go háit sa phobal.

1. Spásanna faoin Aer agus Foirgnimh

Forléargas

Chun críocha an téama seo baineann *Spásanna faoin Aer agus Foirgnimh* le cuid ar bith den fhearann poiblí tógtha, ar féidir le daoine atá ina gcónaí ann, ag obair ann nó ar cuairt ar an gcontae, am a chaitheamh ann agus taitneamh a bhaint as. Tá sé d'ádh ar DLR go bhfuil timpeallacht thaitneamhach nádúrtha agus tógtha ann agus tá sé ar intinn againn, le cúnamh ó na páirtithe leasmhara, comhpháirtithe agus pobail áitiúla, an timpeallacht sin a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach íogair trí bharr feabhais a bhaint amach maidir le cinní pleanála agus forbartha. (Plean Forbartha an Chontae 2016-2022)



1 SPÁSANNA FAOIN AER AGUS FOIRGNIMH

Na Pointí a luaigh Daoine

Ar an iomlán chreid na daoine a d'fhreastail ar na seisiúin chomhchomhairle gur áit thaitneamhach atá i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le bheith ag cónaí inti. Tá leagan amach deas uirbeach agus tuaithe aige, mar aon le líon seirbhísí agus conláistí, lena n-áirítear ospidéal, ionaid siopadóireachta, leabharlanna agus áiteanna le teacht le chéile agus le béile a chaitheamh iontu. Luaigh siad, go háirithe, páirceanna iontacha, tuath agus rochtain easca chuig farraige, cé agus calafort.

Binsí agus Spásanna Scíthe

Cé go raibh sé le rá ag formhór na ndaoine ar cuireadh agallamh orthu go raibh siad sásta go ginearálta leis an timpeallacht thógtha, dúirt siad leis gur mhaith leo níos mó binsí agus spásanna scíthe a fheiceáil i limistéir chaitheamh aimsire mar pháirceanna agus ionaid siopadóireachta, le taobh líonra na gcosán poiblí agus go háirithe ar na príomhbhealaí chuig siopaí.

Cosc agus Smacht ar Bhruscar

Mheas roinnt daoine nach bhfuil dóthain boscaí bruscair ann agus tá a mhíne is a bhíonn bruscar agus salú madraí ar an tsráid agus i bpáirceanna, in áiteanna áirithe, fós sách ard agus ní mór aghaidh a thabhairt air le timpeallacht níos taitneamhaí a chinntiú do chách.

Leithris Phoiblí

Dúirt mórán gach duine a bhí i láthair ag na seisiúin gur údar imní dóibh a laghad leithreas poiblí glan, inrochtana, le dóthain comharthaíochta chun iad a aimsiú, atá ann, agus i gcásanna chuir an t-easpa sin bac orthu dul amach.

Áitreabh Folamh

Dúirt roinnt daoine a bhí i láthair go gcuireann áitreabh folamh cuma bánaithe agus míshlachtmhar ar bhaile nó ar shráidbhaile agus nach bhfuil an rogha céanna sa réimse siopaí áitiúla atá ar fáil dóibh, rud a fhágann gur lú fonn a bhíonn orthu dul amach ag siopadóireacht.

1 SPÁSANNA FAOIN AER AGUS FOIRGNIMH

Fálta agus Duilliúr Fiáine

Labhair na daoine scothaosta ar fad, beagnach, faoi, nó d'aontaigh siad, gur féidir le fálta agus duilliúr fiáine a bheith ina gcontúirt agus gur féidir leo cur isteach ar rochtain daoine ar sholas agus bac a chur roimh shiúlóirí go ginearálta. Ní raibh a fhios acu cé leis a labhródh siad nó céard a bhí le déanamh nuair a thagann siad ar chásanna den chineál sin.

Uainiú ag Trasrianta Coisithe

Dúirt cuid de na daoine scothaosta go bhfuil sé tugtha faoi deara acu go bhfuil an tréimhse atá socraithe le cuid de na sráideanna is gnóthaí a thrasnú ró-ghearr mar nach bhfuil siad in ann siúil chomh tapa agus a bhíodh tráth.

Bóithre agus Cosáin

Dúirt cúpla duine ar cuireadh agallamh orthu go measann siad go bhfuil droch-bhail ar roinnt bóithre agus cosán sa chontae agus go bhfuil cuid den mharcáil atá orthu imithe nó an-deacair le feiceáil agus go bhfuil an mharcáil thar a bheith mearbhloch ag na hachomhail nua.

Cinntí Tosaigh HaPAI

Taispeánann réamhanailís ar na sonraí an méid seo a leanas:

- Taitníonn le 90% de na daoine i nDún Laoghaire a bheith ina gcónaí san áit, go mór, nó de bheagán. Taitníonn sé go mór le 78%, le céatadán níos airde díobh sin atá os cionn 70 bliain d'aois (84%) a dtaitníonn sé go mór leo.
- Ach, níl ach 38% de dhaoine atá sásta leis an líon suíochán agus spásanna scíthe – beagán os cionn leath (52%) díobh sin atá breis is 70 bliain d'aois atá míshásta le líon na bhfóntas scíthe.
- Cé nach bhfuil aon deacracht ag líon mór daoine (45%) rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha (siopadóireacht, Gardaí, post, banc, iompar nó seirbhísí sláinte), tá an-deacracht ag 11% díobh sin faoi 70 bliain d'aois agus ardaíonn sé go dtí 29% i measc daoine os cionn 70.

1 SPÁSANNA FAOIN AER AGUS FOIRGNIMH

Na Céimeanna atá á dtógáil Anois

Bainistiú Bruscair agus Dramhaíola

Tá ceithre phríomhsprioc ag plean Bainistithe Bruscair agus Dramhaíola DLR:

- Truailliú bruscair a chosc agus smacht a choinneáil air.
- Deireadh a chur le Spotaí Dubha
- Oideachas agus Feasacht a Fhorbairt
- Dian-Fhorfheidhmiú a chinntiú.

Cuireann róta nua oibre DLR maidir le glanadh sráideanna agus folmhú boscaí bruscair sna mórcheantair baile, seirbhís ar fáil ar bhonn seacht lá na seachtaine. Cinntíonn an socrú seo go gcoinnítear ceantair glan ar bhonn leanúnach, go háirithe ar an deireadh seachtaine.

Tá CCDLR tiomanta chomh maith, d'uasghrádú a dhéanamh ar bhoscaí bruscair ar fud an Chontae le boscaí bruscair cliste. Tá dlúthóirí dramhaíola grianchumhachtaithe feistithe sna boscaí bruscair cliste a dhéanann dlúthú ar dhramhaíl chun toilleadh an bhosca a mhéadú sé go dtí ocht n-uaire toillte bosca bruscair traidisiúnta.

Leithris Phoiblí

Plean Forbartha na Comhairle Contae 2016-2022, Polasaí OSR4: Deirtear ann mar fheabhsúcháin sa todhchaí go mbeidh leithris phoiblí le saoráidí inrochtana sna Páirceanna Réigiúnacha ar fad sa Chontae seachas Páirc Chnoc Chill Iníon Léinín. Ina theannta tá saoráidí leithris atá go hiomlán inrochtana sna leabharlanna poiblí ar fad.

Scéim Dreasa Achta Áitithe d'Áitreabh Tráchtála atá Folamh

Tá Oifig Fiontair Áitiúil DLR ag tairiscint Scéim Dreasa Achta Gnó do ghnólachtaí cáilitheacha chun úsáid áitreabh tráchtála atá folamh (idir oifig agus miondíola) a spreagadh ar fud an Chontae. Tugann an scéim seo deis do thiarnaí talún agus d'úinéirí gnó uailmhianacha nua dul isteach in áitreabh atá folamh ar chostas inacmhainne tosaigh trí dheontas a thairiscint - thar thréimhse 3 bliana - ag teacht leis an leibhéal rátaí atá iníoctha ar an áitreabh.

1. SPÁSANNA FAOIN AER AGUS FOIRGNIMH

Na Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn: spásanna faoin aer agus foirgnimh a dhéanamh taitneamhach, glan, inrochtana agus sábháilte do dhaoine scothaosta, chun pobail ar féidir siúl thart iontu agus spásanna aoisbhácha a chruthú

Uimh. Gnímh	Táscaire	Toradh	Treoraí	
1.1	Clár “Iniúchtaí Siúlóide” a réiteach do na príomhbhealaí uirbeacha ar mhaithe le caighdeán agus suíomhanna na mbinsí agus troscán eile sráide agus áiseanna atá ann a mheas.	Iniúchadh a thabhairt chun críche agus clár athsholáthair agus athnuachana a thabhairt chun críche	Rochtain níos fearr do chách	DLR
1.2	An Plean Bainistithe Bruscair agus Dramhaíola 2015 – 2017 a chur i bhFeidhm	Feabhas ar Thorthaí Náisiúnta an tSuirbhé Faireacháin ar Thruailliú Bruscair	Rochtain níos fearr do chách	DLR
1.3	Córas ghreamán fuinneoige a fhorbairt (mar shampla, lógó peiteal an AFI) chun na saoráidí leithris atá ar fáil san áitreabh a thaispeáint nó chun a chur in iúl do dhaoine ag gabháil thart go bhfuil an gnó aoisbhách	Líon gnólachtaí agus seirbhísí a ghlacann páirt sa tionscnamh	Leithris níos inrochtana	DLR/ Comhlachas Tráchtála
1.4	Mapaí nua sráide/turasóireachta a fhorbairt ag taispeáint leithreas agus láithreacha inrochtana páirceála agus	Mapaí a chur ar fáil	Níos mó misnigh ag cuairteoirí ar an gcontae	DLR

	saoráidí compoird eile			
1.5	An Scéim Dreasachta Gnó atá ann faoi láthair a chur chun cinn le gnólachtaí cáilitheacha a spreagadh chun áitreabh tráchtála atá folamh a úsáid (idir oifige agus miondíola) ar fud an Chontae	Áitiú i roinnt áitreabh atá folamh	Timpeallacht Uirbeach níos beoga	Comhlachas Tráchtála
1.6	Feasacht a ardú i measc áitritheoirí faoina gcuid dualgas maidir le cothabháil fála agus crann atá cóngarach do chosán poiblí.	Feachtas feasachta agus bolscaireachta	Cosáin níos sábháilte	DLR
1.7	Dul i mbun staidéar Tilda faoi bhainistiú trasrianta coisithe agus moltaí a chur i bhfeidhm nuair is praiticiúil sin	Rannpháirtíocht sa staidéar agus coigeartú nuair is praiticiúil sin	Rochtain níos fearr do choisithe	DLR
1.8	Feasacht a ardú faoin rogha atá ann clamhsán a dhéanamh faoi bhóithre agus cosáin via Spás na Saoránach ar shuíomh gréasáin DLR.	Líon na dtuairiscí a thagann aníos ar chóras CMR DLR	Bóithre agus Cosáin níos sábháilte	DLR
1.9	Treoirlíne dea-chleachtais dar teideal “a bheith aoisbhách sa bhFearann Poiblí” a fhorbairt, le húsáid ag forbróirí agus ag pleanálaithe ag an gcéim réamhphleanála agus iad ag déanamh machnaimh faoi fhorbairtí aoisbhácha.	An uirlis a fhorbairt	Forbairtí Aoisbhácha a Dhearadh	DLR

2. IOMPAR

Forléargas

Tá seirbhís mhaith iompair phoiblí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá busanna, LUAS agus DART inrochtana do chách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tá sé mar pholasaí againn tacaíocht ghníomhach a thabhairt do mhodhanna inbhuanaithe iompair agus a chinntiú go bhfuil úsáid talún agus criosú comhtháite go hiomlán le soláthar agus forbairt chórais iompair phoiblí ar ardchaighdeán (Plean Forbartha an Chontae Polasaí St1). Leanfaimid orainn i gcomhoibriú leis na gníomhaireachtaí eile chun straitéis iompair do Mhór-Réigiún Bhaile Átha Cliath a sheachadadh – Taisteal Cliste, Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009-2020 agus ag an am céanna riachtanais daoine a úsáideann modhanna pearsanta iompair, lena n-áirítear rothair agus carranna, a chur san áireamh.



2 IOMPAR

Na Níthe a Luaigh Daoine

Dúirt rannpháirtithe go bhfuilid sásta leis an réimse roghanna iompair i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin lena n-áirítear: busanna inrochtana, DART agus Luas. Creideann siad go bhfuil feabhas tagtha ar iompar poiblí ó thaobh seirbhíse agus compoird de le roinnt blianta. Dúradar go bhfuil gliondar orthu faoin bpas saorthaistil agus gur bealach iontach é le daoine a spreagadh le dul amach. Dúirt rannpháirtithe go bhfuil tiománaithe bus an-deas ar an iomlán agus go bhfuil busbhealaí minic mar Uimh. 7 thar barr. Dúradar leis go bhfuil scáthláin bus agus eolas réad-ama an-tábhachtach.

Comhchomhairle

Go ginearálta bhí díomá ar rannpháirtithe faoi leibhéal na comhchomhairle le daoine scothaosta faoi athruithe ar sheirbhísí agus bonneagair iompair.

Feasacht faoi Riachtanais Daoine Scothaosta

Cé go bhfuilid sásta go ginearálta leis na leibhéil foriomlán seirbhíse, dúirt roinnt díobh sin a bhí i láthair ag na seisiúin chomhchomhairle gur ar an iomlán go bhfuil tiománaithe bus béasach ach leanadar leo le rá nár mhór do chuid díobh a bheith níos tuisceanaí faoi riachtanais daoine scothaosta, ach go háirithe, a gcuid deacrachtaí luaineachta. Mar shampla, fanacht go mbeidh siad ina suí roimh thiomáint leo, nó le linn droch-aimsire, cead a thabhairt dóibh suí sa bhus fad a bhíonn sé ag fanacht ag an gcéad stad.

Costas agus Iontaofacht Tacsaithe

Dúirt mórchuid na ndaoine a cuireadh faoi agallamh nach n-úsáidfidís tacsaithe ach i gcás éigeandála mar mheasadar go rabhadar ró-chostasach agus nach bhféadfaí brath orthu i gcónaí, m.sh. gan teacht cé go raibh sé ordaithe.

Easpa iompair phoiblí thart ar DLR

Bhí díomá ar roinnt daoine scothaosta faoin leibhéal ceangailteachta bus idir oirthear agus iarthar an chontae, agus go háirithe, go raibh sé beagnach dodhéanta dul go hOspidéal Naomh Uinsinn ar chóras iompair phoiblí sa chás go raibh tú i do chónaí ar an taobh thiar den Chontae.

2 IOMPAR

Eolas Réad-ama

Go ginearálta bhí mórchuid na ndaoine scothaosta sásta go raibh Eolas Réad-ama tagtha isteach ach bhí sá le rá acu nach bhfuil sé cruinn i gcónaí; mar shampla, uaireanta tagann busanna i ndiaidh an ama atá taispeánta; uaireanta eile ní thagann siad ar chor ar bith. Ina theannta sin b'fhiú an t-eolas a bheith ar fáil nuair a bhíonn an bus lán.

Scáthláin Bus agus Suíocháin

Cheap roinnt daoine scothaosta a ceistíodh nach bhfuil dóthain scáthláin bus agus suíocháin chun faoiseamh a thabhairt agus foscadh ón aimsir. Mhol siad, leis, nuair a bhíonn bus ag fanacht ag an gceann aistir go mbeadh cead ag paisinéirí dul ar bord go luath le foscadh a fháil ón aimsir nó le scíth a ligean. Mholadar go mbeadh stadanna bus suite gar do sheirbhísí agus do shaoráidí más sábháilte agus indéanta é a bheith amhlaidh.

Costas agus Deacracht Páirceála

Dúirt cuid de na daoine scothaosta a bhí i láthair ag na seisiúin comhchéime go gceapann siad go bhfuil costas páirceála thart ar DLR ró-chostasach agus gur dáil shuntasach iad táillí páirceála agus turais á mbeartú acu. Do dhaoine níos aosta nach bhfuil ag tiomáint is gnéithe riachtanacha iad inrochtaine agus inacmhainne na modhanna éagsúla iompair lena chinntiú gur féidir leo a bheith páirteach go gníomhach ina gcuid pobal. Is féidir le córais taistil do-rochtana nó nach bhfuil ar fáil (rud atá coitianta i gceantair tuaithe) tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht na beatha.

Cinntí Tosaigh HaPAI

Is tiománaithe iad mórchuid na bhfreagróirí sa suirbhé, le 88% díobh sin faoi 70 agus 74% díobh sin os cionn 70 a thiomáin iad féin le seachtain anuas.

Go ginearálta tá daoine an-sásta le hiompar poiblí sa cheantar – ní raibh ach 15% a dúirt go bhfuil sé lag nó an-lag. Ach thuairisc 27% go gcuireann iompar poiblí bac orthu agus iad i mbun tascanna riachtanacha nó ag freastail ar choinní sláinte nó cúraim shóisialta; roinnt daoine, an t-am ar fad, nó gar dó.

Na Céimeanna atá a dtógáil Anois

Línte Luas

Thosaigh oibreacha i Lúnasa 2015 chun na línte dearg agus glas Luas a cheangail. Cuirfidh an tionscadal seo, atáthar ag súil a bheidh críochnaithe i 2017, comhcheangail níos fearr ar fáil dóibh sin atá ina gcónaí in iarthar an Chontae leis an gcuid eile de Bhaile Átha Cliath.

Aip Réad-ama

I mí an Mheithimh 2015, sheol an tÚdarás Náisiúnta Taistil aip eolais feabhsaithe nua chlár réad-ama a chuireann ar chumas úsáideoirí teacht ar eolas imeachta réad-ama le haghaidh seirbhísí Bhus Átha Cliath, Bhus Éireann, DART, Iarnród Éireann agus Luas. Is féidir an aip a íoslódáil saor in aisce agus tá níos mó mapaí ann anois ná mar a bhí cheana.

Bus Átha Cliath

Tá na busanna ar fad atá i mbun oibre i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin oiriúnach do chathaoireacha rothaí anois. Tá an t-athchóiriú agus athbhreithniú ar láithreacha agus ar shocrúchán Colbhaí **Kassel** ag leanúint ar aghaidh agus is cuidiú é seo chun so-rochtaine a fheabhsú.

Comment [n1]: Kassel kerb is the name we found in Wikipedia, inter alia

Comhchomhairle Phoiblí

Nuair a bhíonn polasaithe, straitéisí agus pleananna áirithe á réiteach féachann an tÚdarás Náisiúnta Taistil leis an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi aon athruithe atá molta tríd an leathanach comhchomhairle poiblí atá ar shuíomh gréasáin an chomhlachta www.nationaltransport.ie. Tugann an fóram seo cead do bhaill an phobail tuairim a thabhairt faoi aon oibreacha atá fógartha. Faigheann Bus Átha Cliath comhchomhairle phoiblí via aiseolas ríomhphoist @dublinbus.ie

2. IOMPAR

Na Céimeanna a Thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn ná: Chun seirbhísí taistil do chách atá sábháilte, iontaofa, inrochtana agus ar ardchaighdeán, a chur chun cinn

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
2.1	Bus Átha Cliath a spreagadh le bheith páirteach sa Chomhaontas Aoisbhá agus/nó Fóram Aoisbhá na Soláthróirí Seirbhísí	Rannpháirtíocht Bhus Átha Cliath ar an gComhaontas Aoisbhá agus/nó ar Fhóram Aoisbhá na Soláthróirí Seirbhísí.	Cumarsáid níos fearr idir Bhus Átha Cliath agus a chuid paisinéirí	Bus Átha Cliath
2.2	Dul i dteagmháil le hÚdarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath ar mhaithe le bheith ag comhoibriú le Bus Átha Cliath chun an clár oiliúna do thiománaithe mar a bhaineann le daoine scothaosta a athbhreithniú.	Oiliúint curtha ar fáil do thiománaithe agus d'fhostaithe Bhus Átha Cliath.	Turais níos compordaí agus níos sábháilte.	Comhordaitheoirí Chlár Aoisbhá
2.3	Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí Iompair Phobail atá ann ar mhaith le seirbhís áitiúil bunaithe ar éileamh a fhorbairt.	Athbhreithniú críochnaithe agus seirbhís ar fáil	Deiseanna Sóisialta níos fearr	FÓRAM SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ

2.4	Athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna páirceála atá ar fáil do dhaoine scothaosta agus mapa de Spásanna Páirceála Inrochtana a fhoilsiú	Mapa réitithe agus foilsithe	Méadú ar líon na ndaoine scothaosta ag tabhairt cuairte ar DL	DLR
2.5	An fháil atá ar chlár ama clóite i láithreacha poiblí a mhéadú	An líon láithreacha nua curtha leis	Níos mó daoine ag baint úsáide as lompár Poiblí	Bus Átha Cliath
2.6	Leanúint ar aghaidh le feidhmiú agus le beachtú sheirbhís eolais na gclár réad-ama.	An líon bealaí nua curtha leis an tseirbhís	Feabhas ar na leibhéil sástachta le hiompar poiblí	Bus Átha Cliath
2.7	Iniúchadh a dhéanamh ar chaighdeán reatha agus ar láithreacha na scáthlán bus atá ann anois agus clár oibreacha bainteacha a réiteach chun lochtanna a cheartú.	Iniúchadh críochnaithe agus clár oibreacha réitithe	Feabhas ar leibhéil sástachta le hiompar poiblí	Bus Átha Cliath

3 Tithíocht

Forléargas

Cuimsíonn tithíocht mar a bhaineann leis an téama seo, an chóiríocht thógtha, ach baineann sé chomh maith leis na tacaíochtaí bainteacha riachtanacha pobail a d'fhéadfadh a bheith mar chúnamh do dhuine chun fanacht níos faide ina chónaí ina theach féin ná a tharlódh gan iad.

Is é polasaí CCDLR (Plean Forbartha an Chontae Rún 9) go mbeadh tograí cóiríochta do dhaoine scothaosta lonnaithe i limistéir cónaithe atá ann cheana le seirbhísí maithe bonneagair shóisialta agus conláistí mar líonraí cosán, siopaí áitiúla agus iompar poiblí iontu, ionas nach mbeidh áitritheoirí scoite amach agus go mbeadh cúram, neamhspleáchas agus rochtain níos fearr ar fáil sa phobal.



Fíor 3 Teach Bhaile an Róistigh

3 TITHÍOCHT

Na Pointí a Luaigh Daoine

Dúirt formhór na ndaoine ar cuireadh agallamh orthu go dtaitníonn leo a bheith ina gcónaí i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Dúirt siad ar an iomlán go bhfuil na pobail sábháilte agus compordach. Lean rannpháirtithe orthu le rá cé go bhfuil cuid de na tithe ina bhfuil siad ina gcónaí mór (agus bíonn fadhbanna ann dá bharr sin), creideann siad go bhfuil siad tógtha go maith agus go bhfuil na ceantair ina bhfuil siad tarraingteach, le páirceanna, seirbhísí agus siopaí agus iad ar fad cóngarach. Nuair a cuireadh an cheist ar smaoinigh siad ar bhogadh go dtí cóiríocht níos lú agus níos feiliúnaí dúirt roinnt go mb'fhearr leo an chóiríocht atá acu a oiriúnú nuair is gá.

Oiriúnacht na dtithe atá ann

Dúirt roinnt daoine nach bhfuil na tithe atá acu faoi láthair (príobháideach agus sóisialta) oiriúnach dóibh níos mó; táid ró-mhór, ní fheileann an leagan amach, táid costasach le cothabháil agus deacair le choinneáil, ach tá faitíos orthu bogadh mar go bhféadfaí leatrom a imirt orthu nó go bhféadfaidís droch-chomhairle a fháil.

Deontais tithíochta & seirbhísí tacaíochta UA/HSE

Dúirt cuid díobh ar cuireadh agallamh orthu nach raibh siad ar an eolas nó nár chuala siad trácht ar dheontais tithíochta UA/HSE, ar sheirbhísí 'Cúram agus Deisiú' nó faoi pacáistí chúram baile. Ina theannta sin dúirt roinnt de na daoine scothaosta go bhfuair siad deacair é foirmeacha a líonadh agus gur mó an seans go ndíúltófaí iad agus dá bharr sin nach mbacann siad le hiarratas a dhéanamh.

Cumainn Áitritheoirí

Chuir cuid de na daoine a bhí i láthair ag na seisiúin comhchomhairle imní in iúl faoi mheath na gcumann áitritheoirí agus na n-eagraíochtaí faire comharsanachta (i scéimeanna tithíochta príobháideacha agus sóisialta araon). Dúradar gur fheidhmigh siad araon mar dheis shóisialta agus mar ghné áitiúil sábháilte agus slándála.

Deisiú Tithe

Dúirt go leor díobh sin ar cuireadh agallamh orthu nach raibh siad cinnte nó nach raibh a fhios acu cén áit le dul chun go ndéanfaí deisiú nó le caoi a chur ar rudaí.

3 TITHÍOCHT

Dúirt cuid díobh go raibh faitíos orthu go mbeadh meastacháin costasach agus gach seans “go ndéanfaí leatrom orthu nó go mbeadh an obair ar dhroch-chaighdeán”.

Roghanna Tithíochta,

Rinne cuid díobh a bhí i láthair tagairt don easpa roghanna maidir le tithíocht oiriúnach áitiúil a d’fhéadfadh daoine scothaosta machnamh a dhéanamh ar laghdú méide le dul isteach ann. Dúradar nach bhfuil an bhraistint phobail chéanna in árasáin agus atá i dtithe agus ina theannta sin bíonn táillí bainistíochta le h-íoc iontu. Dúradar go mbeadh suim acu i gcóiríocht chuidithe/sráidbhailte lucht scoir a bheadh gar do sheirbhísí agus do chonláistí.

Deontais Tithíochta

Dúirt roinnt daoine go bhfuil an nós imeachta le hiarratas a dhéanamh ar dheontais tithíochta mall agus deacair le teacht air agus go dtógann sé ró-fhada chun iad a phróiseáil.

Riachtanais Tithíochta Taistealaithe Scothaosta

Dúirt na taistealaithe scothaosta ar fad ar cuireadh agallamh orthu go mb’fhearr leo réimse roghanna tithíochta a bheith ann a bheadh gar dá gclann chun a gcuid riachtanas a shásamh.

Cinntí Tosaigh HaPAI

Go ginearálta níl sé le rá ag mórán daoine go bhfuil fadhbanna acu maidir le riocht, saoráidí nó cothabháil a gcuid tithe. Ach, tá deacracht éigin ag an gceathrú chuid (25%) díobh sin atá os cionn 70 le fónais ina gcuid tithe. Thuairisc 13% de dhaoine go bhfuil na tithe atá acu ró-mhór dá gcuid riachtanas faoi láthair. Nuair a ceistíodh iad faoina roghanna mura mbeadh siad in ann fanacht ina gcuid tithe níos mó bhí an mhórchuid diúltach faoi na roghanna éagsúla atá ar fáil anois. Thuairisc thart ar 30% díobh sin os cionn 70 go mbíonn deacrachtaí acu mar a bhaineann le cothabháil agus coinneáil tí a dhéanamh iad féin agus tá deacrachtaí ag 21% díobh sin faoi 70 le cothabháil agus coinneáil tí. Bhí tromlach na ndaoine dearfach faoin teach atá acu a oiriúnú.

3 TITHÍOCHT

Na Céimeanna atá á dtógáil Anois

Tithíocht inrochtana Shóisialta

Tá ceithre teach déag nua á dtógáil faoi láthair ag Teach Bhaile an Róistigh, An Naigín, Co Átha Cliath. Beidh na tithe uile ar an mbun-urlár oiriúnach go hiomlán do chathaoireacha rothaí agus beidh na tithe ar an gcéad urlár oiriúnach d'áitritheoirí atá ag siúl.

Tá 3 scéim deontais do dhaoine atá os cionn 65 ar leo a dtithe féin á reáchtáil ag an gComhairle Contae. Seo iad na deontais sin: Deontas Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Scéim na nÁiseanna Soghluaisteachta, agus Deontas Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá tástáil mhaoine ann i leith na scéimeanna uile.

Iarchur Cháin Mhaoine Áitiúil

Ceadaíonn na Coimisinéirí loncaim iarchur ar an gcáin mhaoine áitiúil nuair nach acmhainn an cháin a íoc agus nuair a shásaítear coinníollacha sainithe áirithe. Is féidir leis an iarchur a bheith san iomlán nó i bpáirt ach ní mór go n-íocfaí an cháin nuair a dhíoltar an teach nó má aistrítear é ó dhuine go duine.

Meascán Tithíochta

Plean Forbartha an Chontae 2016-2022 (Polasaí RES7): Spreagfaidh Meascán Foriomlán Tithíochta, a deir an Chomhairle, bunú pobal inbhuanaithe cónaithe trína áirithiú go gcuirtear éagsúlacht leathan cineálacha, méideanna agus tionachtaí tithíochta agus árasán ar fáil laistigh den Chontae, de réir fhorálacha na Straitéise Tithíochta Eatramhaí.

Plean Cóiríochta do Thaistealaithe

Tá glactha ag DLR le Plean Cóiríochta do Thaistealaithe 2014 -2018. Tugann an plean aird ar riachtanais agus ar roghanna na dtaistealaithe scothaosta.

Seirbhís Chúraim & Deisithe an Deiscirt

Reáchtálann Comhpháirtíocht an Deiscirt seirbhís Chúraim agus Deisithe dóibh sin atá os cionn 65 agus ina gcónaí i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá grinnfhiosrúchán déanta ag na Gardaí ar na hoibrithe ar fad ar an bhfoireann.

3. TITHÍOCHT

Na Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn ná: Chun leanúntas níos feiliúnaí, gan uaim a chur ar fáil maidir le roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta.

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
3.1	Seirbhís chomhairleach neamhspleách do shealbhóirí tí príobháideacha atá ag smaoineamh ar, nó a bhfuil laghdú méide beartaithe acu, a fhorbairt.	Bunú seirbhíse comhairlí neamhspleách	Daoine scothaosta ina gcónaí i gcóiríocht atá níos feiliúnaí dá gcuid riachtanas	LÍONRA DO DHAOINE SCOTHAOSTA / CAB
3.2	An rogha maidir le laghdú méide do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí i gcóiríocht shóisialta a chur chun cinn	Feachtas Spreagtha tosaithe	Daoine scothaosta ina gcónaí i gcóiríocht atá níos feiliúnaí dá gcuid riachtanas	DLR
3.3	Leabhrán do dhaoine scothaosta a chuimsíonn eolas faoi sheirbhísí UA/HSE a fhorbairt (féach leis gníomhartha 5.2,6.4,8.1)	Forbairt agus leithdháileadh leabhrán eolais	Feasacht fheabhsaithe faoi sheirbhísí atá ar fáil	Fóram na Soláthróirí Seirbhísí
3.4	Oibriú le Grúpaí Deonacha ar fud an Chontae atá ann cheana chun seirbhís Chuidithe Chomhlánú Foirmeacha a fhorbairt	Seirbhís Chuidithe Chomhlánú Foirmeacha forbartha	Rochtain chuig seirbhísí feabhsaithe	Comhpháirtíocht an Deiscirt/Deonaí DLR

3.5	Tacú le forbairt Chumainn Áitritheoirí idir nua agus seanbhunaithe, le béim ar thacaíocht do dhaoine scothaosta	Líon na gCumann Áitritheoirí	Braistint phobail agus comhtháthú níos fearr	DLR
3.6	An tseirbhís “Cúram agus Deisiú” a chur chun cinn via suíomh gréasáin Líonra na nDaoine Scothaosta agus bealaí cumarsáide aoisoiriúnacha eile a aithnítear	Líon na nglanna “Cúram agus Deisiú” i gceantair nua.	Cáilíocht na beatha fheabhsaithe dóibh sin a roghnaigh fanacht ina gcónaí ina gcuid tithe féin	Líonra na nDaoine Scothaosta
3.7	Cur chun feidhme Polasaí Pleanála na Comhairle Rún 7 le bunú pobal cónaithe inbhuanaithe a spreagadh trína áirithiú go gcuirtear éagsúlacht leathan cineálacha, méideanna agus tionachtaí tithíochta agus árasán ar fáil sa Chontae	Meascán tithíochta níos fearr	Roghanna tithíochta níos fearr	DLR
3.8	An Straitéis Tithíochta do Thaistealaithe a chur chun feidhme, ag tabhairt aird ar leith ar riachtanais Taistealaithe scothaosta	Méadú ar an réimse agus an fháil ar roghanna tithíochta atá aoisoiriúnach	Taistealaithe scothaosta ina gcónaí ina rogha cóiríochta	DLR / Southside Travellers
3.9	An t-am próiseála chun deontais tithíochta a cheadú a scrúdú ar mhaithe le bacanna nó moilleanna, agus an bealach chun iad a réiteach, a aithint	Am próiseála laghdaithe	Cáilíocht na beatha fheabhsaithe dóibh sin a roghnaíonn fanacht ina gcónaí ina gcuid tithe féin	DLR

4 Rannpháirtíocht Shóisialta

Forléargas

Nuair atá Rannpháirtíocht Shóisialta á cíoradh againn sa chuid seo táimid ag tagairt do mhéid an cheangail shóisialta a mhothaíonn duine. Ceangal Sóisialta – tá an bhraistint go bhfuil duine páirteach i líonra de theaghlach, cairde agus pobal ar cheann de na príomhchinntithigh sláinte agus folláine atá ann.

Chun teacht leis an bhfís de phobail inmharthana, inbhuanaithe a sheachadadh tá Forbairt Shóisialta agus Bonneagar Pobail iniata i bPlean Forbartha an Chontae 2016 -2022. Ina theannta sin, ceann de na príomhspríocanna sa Phlean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil atá againn ná:- *Pobail inbhuanaithe a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh sna blianta atá le teacht trí chomhtháthú ceart a dhéanamh idir thithíocht agus bonneagar sóisialta agus pobail a bheidh ar ardchaighdeán.* Tá súil againn an sprioc sin a bhaint amach i gcomhoibriú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, comhpháirtithe agus na pobail.



Fíor 4 Páirc Mharlaí

3. RANPHÁIRTÍOCHT SHÓISIALTA

Na Pointí a Luaigh Daoine

Dúirt na daoine a ghlac páirt go bhfuil neart saoráidí agus seirbhísí pobail i DLR. Luaigh siad, chomh maith, an réimse gníomhaíochtaí agus imeachtaí atá ar siúl i DLR lena n-áirítear, babhláil, ióga, beiriste, amharclann, leadóg, seideanna na bhfear agus pictiúrlann, i measc rudaí eile. Mhol siad leis na heagraíochtaí gníomhaíochta lucht scoir as imeachtaí agus laethanta saoire a eagrú agus as aoichainteoirí ar ardchaighdeán a fháil. Rinne daoine tagairt, chomh maith, don dea-chumarsáid atá eatarthu sin atá gníomhach i ngrúpaí lucht scoir agus an Eaglais.

Iompar chuig Imeachtaí

Dúirt na daoine a cuireadh faoi agallamh go gcuireann deacrachtaí taistil cosc ar dhaoine bheith ag freastal ar imeachtaí. Cuireann rudaí mar eolas réad-ama neamhchruinn, easpa clár ama atá cothrom le dáta, costais páirceála nó gan a bheith in ann tiomáint agus gan a bheith gar do sheirbhís iompair le braistintí aonraithe agus eisiaimh.

Aonrú

Dúirt roinnt daoine scothaosta a labhraíomar leo gur bhraith siad féin aonrú nó go raibh aithne acu ar dhuine a bhí nó atá ag braistint aonraithe. Dúirt siad go dteastaíonn beagán eile misnithe agus tacaíochta ó roinnt daoine le bheith páirteach agus i láthair ag imeachtaí, go háirithe i ndiaidh méala.

Teagmháil agus Gníomhaíochtaí

Dúirt daoine atá faoi chúram cónaithe go fadtéarmach gur bhraith siad iad féin a bheith “gearrtha amach ón gcuid eile den domhan”. Bhraith siad leis nach raibh mórán teagmhála ann go himheánach. Dúradar go mb’fhéarr leo dá bhféadfaidís a gcuid gníomhaíochtaí féin a shocrú agus go mbeadh níos mó spreagadh intinne, ach go háirithe, acu.

Muinín i measc Taistealaithe Scothaosta

Luaigh na taistealaithe ar cuireadh agallamh orthu, de réir mar a thagann athruithe ar chúinsí agus go háirithe i gcás taistealaithe mná scothaosta ar baintreacha iad nó atá scartha, go mbraitheann roinnt go laghdaíonn an misneach agus féin-mheas go sciobtha

agus gur lú fonn a bhíonn orthu a bheith rannpháirteach go sóisialta lasmuigh den phobal Taistealaithe.

Tithe Altranais

Dúirt áithritheoirí ionaid cúraim fadtéarmacha go rabhadar faiteach nó imníoch faoi bheith ag braith go ró-mhór ar an Teach Altranais agus faoi a gcuid neamhspleáchas a chailleadh.



Fíor 5 Ócáid Shóisialta

4. RANPHÁIRTÍOCHT SHÓISIALTA

Cinntí Tosaigh HaPAI

Tá rannpháirtíocht shóisialta ard i DLR – glacann 60% de dhaoine páirt i ngrúpa pobail ar a laghad uair sa mhí. Tá formhór na ndaoine sásta nó an-sásta (71%) leis na teagmhálacha sóisialta atá ar fáil i bhfad siúil uathu.

Na Céimeanna atá á dtógáil Anois

Seirbhísí Easi-Cab

Is seirbhís iompair lena nglaothar ar thacsaí é an Easi-Cab Travel Club a chuireann modh taistil ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a bhfuil lagú luaineachta orthu i gCill Mhantáin Thuaidh agus Contae Átha Cliath Theas agus nach bhfuil ar a gcumas taisteal poiblí a úsáid. Tosaíonn rátaí ag €7.70 don chéad 5km agus €0.99 don chéad 10 km eile.

ACTS (Seirbhís Iompair Phobail Inrochtana)

Cuireann an tSeirbhís Iompair Phobail Inrochtana seirbhís iompair ó dhoras go doras, atá inrochtana agus ag freagairt don éileamh, ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil lagú luaineachta orthu ar fud Bhaile Átha Cliath theas agus thiar. Tosaíonn rátaí ag €7 don chéad 3 mhíle agus téann siad in airde de réir a chéile.

Making Connections

Oibríonn Making Connections le seirbhísí sláinte agus le grúpaí pobail ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun uaigneas agus aonrú a mhaolú. Cothaíonn siad cairdeas bríoch trí chónas sóisialta. An bhunseirbhís atá á tairiscint ná cuairt uair a chloig ó dheonaithe.

Homelink

Tá Homelink lonnaithe i mBré ach oibríonn sé ar fud Chill Mhantáin Thuaidh agus Bhaile Átha Cliath theas ag tairiscint sheirbhís chairdiúil glaoigh, maidin caife agus bunseirbhís cothabhála tí d'úsáideoirí.

5. RANNPHÁIRTÍOCHT SHÓISIALTA

Friends of the Elderly

Eagraíocht náisiúnta í Friends of the Elderly a nascann le daoine scothaosta atá uaigneach. Tugann siad cuairteanna ar an mbaile, ar thithe altranais agus ar ospidéal, chomh maith le turais lae faoi choimhdeacht agus tairgeann siad seirbhís ghlaoch teileafóin cairdiúil mar aon le seirbhísí eile.

Network for Older People

Déanann Network for Older People ionadaíocht thar cheann 67 grúpa gníomhaíochta lucht scoir éagsúla ar fud an chontae. Is féidir eolaire de ghrúpaí gníomhaíochta lucht scoir, mar aon le heolas eile, a fháil ag www.oldernetwork.com



Fíor 6 Ceolfhoireann Turais Sinsearach Newpark

4. RANPHÁIRTÍOCHT SHÓISIALTA

Na Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn ná: deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scothaosta chun fanacht i dteagmháil go sóisialta agus le páirt ghníomhach a thógáil sa líonra sóisialta.

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
4.1	Fiosrúchán a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt sheirbhís rialto teagmhála	Seirbhís teagmhála bunaithe	Braistintí aonraithe laghdaithe	Comhaontas
4.2	Soláthróirí Sláinte Poiblí a spreagadh chun Ordú Oideas Sóisialta a úsáid nuair is iomchuí	Laghdú ar chógais ar oideas do dhaoine scothaosta	Sláinte agus folláine níos fearr agus níos lú braistintí aonraithe	HSE
4.3	Grúpaí pobail a spreagadh le himeachtaí for-rochtana a chur ar fáil i dTithe Altranais áitiúla	Méadú ar imeachtaí i dTithe Altranais	Méadú ar theagmháil shóisialta	Líonta Rannpháirtíochta Poiblí
4.4	Tacaíocht a thabhairt do thionscadal píolótach ar Thógáil Muiníne Sóisialta i measc taistealaithe scothaosta	Tionscadal píolótach forbartha	Muinín fheabhsaithe i measc taistealaithe scothaosta	Southside Travellers

4.5	Liosta gníomhaíochtaí do dhaoine scothaosta atá ar fáil sa Chontae a chur le chéile	Liosta gníomhaíochta curtha le chéile	Feasacht fheabhsaithe faoi gníomhaíochtaí atá ar fáil	DLR
4.6	Leanúint ag seachadadh tionscnamh for-rochtana oideachais aosaigh agus rannpháirtíocht daoine scothaosta a chur chun cinn	Líon daoine scothaosta páirteach	Acmhainn fheabhsaithe agus rannpháirtíocht shóisialta	Bord Oiliúna agus Oideachais Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, UCD.
4.7	Áirithiú go n-éascaítear do chónaitheoirí in aonaid cónaithe maidir le hócáidí uile pobail agus spioradálta	Líon na gcónaitheoirí ag freastal ar ócáidí	Cáilíocht na beatha agus féinmheas daoine scothaosta feabhsaithe	Comhaontas
4.8	Leanúint ag tabhairt spreagadh do grúpaí pobail, d'eagraíochtaí creideamh-bhunaithe, do chumann, etc le daoine scothaosta a iniamh ina gcuid imeachtaí	Méadú ar líon na ndaoine scothaosta ag glacadh páirt i ngrúpaí pobail.	Saol sóisialta daoine scothaosta feabhsaithe	DLR/ Comhaontas

5 Ómós agus Cuimsiú Sóisialta

Forléargas

Scrúdaíonn an Téama Ómós agus Cuimsiú Sóisialta ceisteanna faoi chomhluachmhar, gníomhach agus páirteach is a bhraitheann daoine ina bpobal féin. An aidhm atá leis ná le cur in aghaidh steiréitíopaí, miotais agus tuairimí diúltacha faoi aosú agus le claontacht agus idirdhealú in aghaidh daoine scothaosta a sheachaint.

Tá stair shaibhir comhoibríthe agus comhpháirteachais le soláthróirí eile seirbhísí poiblí, lena n-áirítear, An Garda Síochána, An HSE, Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath/Dhún Laoghaire, an Coláiste Ollscoile, BÁC, Comhpháirtíocht an Deiscirt agus grúpaí forbartha pobal mar Ghrúpa Gníomhaíochta Southside Travellers, Fóram Comhtháite Mionlach Eitneach DLR, Líonra na nDaoine Scothaosta agus Cumann na nGardaí do Dhaoine Scothaosta, ag Aonad Forbartha agus Cuimsithe Sóisialta DLR. An comhspríoc atá againn ná le réimse tacaíochtaí a fhorbairt do phobail agus d'eagraíochtaí a fhéachann le DLR atá níos cuimsithí go sóisialta, a chruthú agus le leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn rannpháirtíocht grúpaí leochaileacha i ngach uile gné de ghníomhaíocht, chun forbairt phearsanta agus tógáil cumais a éascú agus braistint cumasaithe agus úinéireachta maidir le gníomhaíochtaí, a thabhairt.



Fíor 7 Féile Cuimsithe 2014

5 ÓMÓS AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

Na Pointí a Luaigh Daoine

Dúirt cuid de na daoine scothaosta a cuireadh faoi agallamh gur bhraith siad go ginearálta go raibh ómós ag daoine dóibh, mar shampla, thairg daoine óga a gcuid suíochán ar an mbus dóibh agus ar an iomlán go raibh lucht foirne cúirtéiseach ina leith, ach go raibh sé seo uile ag meathlú. Labhair daoine scothaosta, chomh maith, faoi dhaoine sa phobal a bhí cairdiúil ina leith agus mheasadar go rabhadar ag coinneáil súil amach dóibh ach go raibh sé seo leis ag meathlú. Ar deireadh dúirt daoine scothaosta go rabhadar sásta ar an iomlán leis an réimse leathan deiseanna le haghaidh rannpháirtíochta sóisialta, lena n-áirítear, córacha, leabharlanna, grúpaí gníomhaíochta lucht scoir agus ócáidí áitiúla paróiste.

Aois agus Néaltrú

Thug cúramóirí daoine scothaosta le néaltrú faoi deara, mar aon le soláthróirí seirbhísí, go bhfuil easpa feasachta ann faoi néaltrú i measc lucht gnó, grúpaí pobail, na n-ógánach, agus daoine eile.

Cumarsáid agus Eolas

Chuir na daoine scothaosta a cuireadh faoi agallamh in iúl gur údar inní mór dóibh eolas a fháil i dtaobh conas teacht ar sheirbhísí agus eolas faoi imeachtaí a bhíonn ag tarlú ar fud an chontae araon.

Eisiamh

Dúirt roinnt daoine scothaosta gur bhraith siad tráth, nó go mbraitheann siad anois, go bhfuil siad eisiata, fágtha chun deiridh agus dearmadta ag sochaí.

Comharsanacht

Dúirt na daoine scothaosta ar cuireadh agallamh orthu go mbraitheann siad go bhfuil dea-chomharsanacht ag meathlú. Ní bhíonn daoine le feiceáil thart an oiread agus a bhíodh agus tá pobail níos neamhbhuan. Deisíonn daoine rudaí trí threoir a lorg ar an idirlíon agus páirteanna a ordú ar líne seachas cúnaimh a fháil ó chomharsa Dúirt cuid de na

5 ÓMÓS AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

Taistealaithe go bhfuil meath ag teach ar dhea-chomharsanacht laistigh den Lucht Taistil chomh maith.

Dínit & Ómós

Thagair roinnt daoine ar cuireadh agallamh orthu sa teach altranais faoin easpa deise a bhí acu le haghaidh féinchinntiúcháin.

Easpa Rannpháirtíochta

Dúirt na daoine a cuireadh faoi agallamh go bhfaigheann siad deacair é a bheith ag labhairt amach ar a son féin agus ag comhlánú foirmeacha agus go mbraitheann siad gur mó an seans go ndiúltófar iad nó nach dtabharfar aird orthu.

Tá an méid seo ag teacht le braistintí ísle féin-mheasa agus le heaspa muiníne.

Cinntí Tosaigh HaPAI

Níor thug formhór na ndaoine dearchthaí nó iompar diúltach faoi deara ina leith féin go pearsanta mar dhaoine scothaosta riamh – ach dúirt 16% gur tharla sé dóibh. Ar an iomlán, an dá fhoinsé ba choitianta ná ó dhaoine óga agus ó dhaoine a bhí ag cur seirbhísí airgeadais ar fáil (6.7%).

Na Céimeanna atá á dtógáil Anois

Living Well with Dementia

Forbraíonn 'Living Well with Dementia' seirbhísí agus tacaíochtaí nua le haghaidh daoine a bhfuil néaltrú ag cur isteach orthu. Oibríonn na tionscadail le tacaíochtaí pobal-bhunaithe a aithint, a shlógadh agus a fhorbairt leis an aidhm a chur ar chumas daoine a bhfuil néaltrú orthu fanacht sa bhaile agus saol iomlán a bheith acu. Tá dhá Chór Cuimhní Ceoil rathúla bunaithe, go sonrach do dhaoine atá ag maireachtáil le néaltrú agus a gcuid cúramóirí (Leabharlann Ghráinseach an Déin, Maidin Déardaoin agus Scoil Naomh Raphaella, Stigh Lorgan, Maidin Dé Sathairn), a leagann béim, ach go háirithe, ar na deiseanna spóirt agus sóisialaithe a théann le bheith ag canadh le cór.

5 ÓMÓS AGUS COIMRIÚ SÓISIALTA

Mic Léinn UCD

Cuireadh mic léinn as UCD, a bhfuil grinnfhiosrúchán an Garda Síochána déanta orthu, in aithne do dhaoine scothaosta a bhfuil suim acu cóiríocht ar cíós íslithe a thairiscint dóibh mar chúiteamh ar roinnt dualgas éadrom tí a dhéanamh agus roinnt compánachais.

'Know Your Neighbour' le Macra na Feirme

Spreagann 'Know Your Neighbour' le Macra na Feirme, daoine le haithne a chur ar na comharsana trí ócáidí pobail mar Bhearbaiciú, Picnic na mBéar, Lá Spóirt do Theaghlaigh nó fiú maidin caife, a eagrú. Cuireann Macra na Feirme pacáistí tacaíochta agus acmhainní ar fáil. Tá scéim Foláireamh Téacs Pobail forbartha acu chomh maith.

Street Feast

Ar aon dul le 'Know Your Neighbour' ach níos cathair-lárnaithe, is lá lónta áitiúla ar fud na hÉireann é Street Feast arna reáchtáil ag grúpaí comharsan ar 14ú Meitheamh. Is féidir iad a reáchtáil in aon áit, ar an tsráid, i bpáirc áitiúil nó i do ghairdín tosaigh. Is féidir tuilleadh eolais faoi Street Feast a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht féin ar <http://streetfeast.ie/>.

Féile na Bealtaine

Gach bliain tugann Age & Opportunity cuireadh d'údaráis áitiúla, d'ionaid ealaíona, leabharlanna, grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir, láithreacha cúraim, grúpaí agus cumainn pobail agus d'eagraíochtaí as gach páirt den tír imeachtaí Bealtaine a

cheiliúrann cruthaitheacht de réir mar a théimid in aois, a reachtáil.



Fíor 8 Damhsa Tae Daoine Scothaosta an Gharda Síochána

ÓMÓS AGUS CUIMRIÚ SÓISIALTA

Na Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn ná: Chun cur in aghaidh steiréitíopaí, miotais agus tuairimí diúltacha faoi aosú agus le claontacht agus idirdhealú in aghaidh daoine scothaosta a sheachaint

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
5.1	Gnólachtaí miondíola a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheanta Gnó Aoisbhá	Líon gnólachtaí miondíola ag glacadh páirt in oiliúint feasacht aois.	Feasacht aoise níos fearr	Comhlachas Tráchtála
5.2	An taithí agus an fhoghlaim faighte ó thionscadail 'Living Well with Dementia' a leathnú ar fud an Chontae	Líon na dtionscadal a fhaigheann inspioráid ó 'Living Well with Dementia' a tharlaíonn le linn na Straitéise Aoisbhá.	Daoine ag caitheamh saoil atá níos sláintiúla, níos iomláine i bpobal sábháilte fáiltiúil	HSE/DLR
5.3	Glac páirt sa "Tionscadal Touchstone"	"Tionscadal Touchstone" tosaithe	Ómós agus meas níos mó ar dhaoine scothaosta	Líonra na nDaoine Scothaosta
5.4	Tionscadal a fhorbairt chun mic léinn scoile a chur ag déanamh taifid ar scéalta agus eispéiris na dTaistealaithe	Tionscadal seachadta	Meas agus ómós níos mó ar Thaistealaithe Scothaosta	Southside Travellers

5.5	Leanúint ag cur gníomhaíochtaí idirghlúin chun cinn idir eagraíochtaí óige agus grúpaí daoine scothaosta	Réimse gníomhaíochtaí idirghlúin	Tuiscint fheabhsaithe faoi chomhábhair suime agus imní	Comhaontas
-----	--	----------------------------------	--	------------

6. RANPHÁIRTÍOCHT SHIBHIALTA AGUS FOSTAÍOCHT

Forléargas

I gcomhthéacs na straitéise seo baineann *Rannpháirtíocht Shibhialta agus Fostaíocht* le machnamh a dhéanamh ar na tairbhí is féidir a bheith as comhphárteachas agus rannpháirtíocht ghinearálta i do phobal féin. Nuair a bhíonn sláinte agus folláine duine scothaosta á cíoradh is féidir go mbeadh leibhéal na deise atá aige chun bheith rannphárteach agus gníomhach, teoranta, de bharr chonstaicí sláinte agus inrochtana.

Tá cur chun cinn agus leathnú na forbartha uilígh agus sóisialta, pobail agus cultúrtha sa Chontae á sheachadadh agus á fhorleathadh trí shraith clár agus tionscnamh idirghaolmhar agus iad á dtreorú ag snáitheanna éagsúla den Chomhairle Contae, lena n-áirítear Oifig na nEalaíon, Rannóg Pobail, Aonad Forbartha agus Cuimsithe Sóisialta, Leabharlanna agus Oifig Spóirt agus Comhpháirtíocht Spóirt agus tá tacaíocht fhlaithiúil á fáil againn ón gComhlacht Forbartha Pobail áitiúil – Comhpháirtíocht an Deiscirt agus gníomhaireachtaí eile stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha sa réimse seo oibre.



6 RANPHÁIRTÍOCHT SHIBHIALTA & FOSTAÍOCHT

Na Pointí a Luaigh Daoine

Dúirt na daoine scothaosta a cuireadh faoi agallamh go gcuireann grúpaí gníomhaíochta lucht scoir i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin réimse leathan gníomhaíochtaí ar fáil dá gcuid ball. Dúradar go n-eagraíonn na baill na gníomhaíochtaí agus go n-íocann siad astu. Mheasadar go mbeadh costas cuid de na gníomhaíochtaí mar bhacainn ar a bheith páirteach. Dúirt cuid de na rannpháirtithe go rabhadar gafa ar bhealach neamhíochta sa phobal le gníomhaíochtaí mar a bheith ag tabhairt cúnamh leis an Eaglais agus a bheith ag tabhairt aire do gharpháistí. Dúirt daoine gur bealaí maithe iad grúpaí agus an halla paróiste áitiúil chun líonrú agus chun sóisialú a dhéanamh.

Lucht Gnó

Dúirt roinnt de na daoine scothaosta nach bhfuil mórán measa ag an bpobal gnó/miondíola orthu. Níl suim acu i ndaoine scothaosta agus ní bhíonn siad ag díriú orthu mar mhargadh nideoige a bhfuil riachtanais agus toighsí difriúla acu.

Aitheantas agus Dearbhú

Dúirt cuid de na daoine go mbraitheann siad nach bhfuil a gcion tairbhe aitheanta, go ndéantar beag is fiú de agus gur beag tacaíochta atá á fáil acu. Dúradar leis go mbíonn deacracht acu a fháil amach faoi na deiseanna oibre agus saorálaíochais atá ar fáil.

Obair nó Saorálaíochas

Dúirt daoine eile go raibh imní orthu faoin tionchar a bheadh ag dul ar ais ag obair nó obair dheonach a dhéanamh ar a bpinsean, chomh maith leis an méid ama agus maorlathais a bhaineann le breis rannpháirtíochta. Dúirt roinnt eile a ghlac páirt go n-airíonn siad uathu comhluadar na hoibre anois ó chuaigh siad ar scoir.

Fadhbanna Litearthachta

Dúirt roinnt de na taistealaithe scothaosta a labhraíomar leo gur bhraith siad eisiata go sóisialta agus go sibhialta araon de bharr nach bhfuil scileanna litearthachta maithe acu.

Cinntí Tosaigh HaPAI

I nDún Laoghaire-Ráth an Dúin tá 15% díobh sin idir 55-64 ar scoir; go náisiúnta tá 17% díobh ar scoir (TILDA 2013). San aoisghrúpa 65+ tá 81% de dhaoine i DLR ar scoir agus go náisiúnta tá 70% díobh sin ar scoir.

Na Céimeanna atá á dtógáil Anois

Ionad Saorálaíochas DLR

Is eagraíocht neamhspleách, suite i gCarraig Dhubh, é Ionad Saorálaíochas DLR, atá mar pháirt de Shaorálaíochas Éireann, líonra de 22 Ionad Saorálaíochais. Tá bunachar sonraí de dheiseanna ar fud an Chontae á chur ar fáil acu, chomh maith le comhairle, oiliúint agus tacaíocht dóibh sin ar suim leo obair dheonach a dhéanamh agus dóibh sin atá ar thóir oibríthe deonacha.

Ionad Eolais DLR do Shaoránaigh

Tacaíonn an tIonad Eolais do Shaoránaigh le soláthar eolais, comhairle agus abhcóideachta faoi réimse leathan seirbhísí poiblí agus sóisialta mar chearta oibre agus pinsin. Tá Ionad Eolais DLR do Shaoránaigh suite ar Shráid Clarence, Dún Laoghaire.



Fíor 9 Comhdháil Seideanna na bhFear 2015

6. RANPHÁIRTÍOCHT SHIBHIALTA AGUS FOSTAÍOCHT

Na Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn ná: Fostaíocht, saorálaíochas agus rannpháirtíocht i measc daoine scothaosta a mhéadú

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
6.1	Ionaid Siopadóireachta/Miondíoltóirí a spreagadh le Fócasghrúpa do Chustaiméirí Scothaosta a reáchtáil (Féile na Bealtaine)	Bunú Fócasghrúpa do Chustaiméirí Scothaosta	Braistint níos fearr ag custaiméirí scothaosta go bhfuil luach & tábhacht leo	Comhlachas Tráchtála
6.2	Gradam i leith ionchur duine scothaosta don phobal a chur isteach sa Scéim Ghradam Pobail	Gradam Duine Scothaosta tugtha	Féinmheas agus muinín daoine scothaosta a fheabhsú	DLR
6.3	Spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí machnamh a dhéanamh ar dhaoine scothaosta a fhostú (treoirínite áit oibre aoisbhácha AFI)	Níos mó daoine ag obair agus i mbun saorálaíochais	Braistint níos fearr go bhfuil luach orthu	Comhlachas Tráchtála
6.4	Ionad Saorálaíochas DLR a chur chun cinn mar bhealach chun teagmháil a dhéanamh le saorálaithe scothaosta nua	Méadú ar líon na saorálaithe	Daoine scothaosta ag braistint níos sásta leo féin	Comhpháirtíocht an Deiscirt
6.6	Iarratas a dhéanamh ar chistiú le tástáil optúil a dhéanamh ar bhaill de phobal na dtaistealaithe sa bhaile.	Seachadadh na dtástálacha optiúla	Amharc agus cumas litearthachta feabhsaithe	Southside Travellers

7. CUMARSÁID AGUS EOLAS

Forléargas

I gcomhthéacs na straitéise seo baineann Cumarsáid agus Eolas le machnamh a dhéanamh ar conas is féidir le sreabhadh iontaofa eolais inrochtana faoi nuacht, gníomhaíochtaí agus deiseanna sa phobal daoine scothaosta a choinneáil gníomhach agus páirteach i ngach gné de rannpháirteachas agus comhpháirtíocht pobail, rud atá riachtanach dóibh sin nach bhfuil mórán líonraí foirmiúla nó neamhfoirmiúla acu le húsáid a bhaint astu.

De réir mar a théann níos mó agus níos mó seirbhísí agus eolais ar líne, tuigimid go bhfuil sé níos riachtanaí fós a chinntiú go bhfanann daoine scothaosta i dteagmháil. Agus ár Straitéis Aoisbhá á cur chun feidhme tá sé ar intinn againn ár ndícheall a dhéanamh eolas a chur ar fáil sa bhformáid agus ar an mbealach so-aimsithe is fearr leis an duine (gréasán, cruachóip, nuachtlitir) ionas gur féidir leo a bheith comhpháirteach agus rannpháirteach sa réimse leathan imeachtaí agus seirbhísí atá ar fáil sa chontae.



Fíor 10 An Samhradh i nDeilginis

7 CUMARSÁID AGUS EOLAS

Na Pointí a Luaigh Daoine

Cheap na daoine a cuireadh faoi agallamh gurb iad na bealaí is fearr le cumarsáid a dhéanamh le daoine scothaosta ná trí theachtaireacht ó bhéal, duillíní, nuachtlitir paróiste, fógraí ar chláir póstaer, oifig eolais do shaoránaigh, leabhráin eolais, scéalta sna páipéir, teilifís, raidió agus le téacsanna. Maidir leis an idirlíon dúirt rannpháirtithe nach bhfuil ríomhairí nó ‘táibléid’ ag gach duine agus iad sin go bhfuil go mbíonn deacracht acu le nascleanúint agus le h-eolas a fháil orthu. Go deimhin, bhí comhdhearcadh ginearálta i measc na ndaoine i láthair go gcuireann soláthróirí seirbhísí béim i bhfad ró-mhór ar an idirlíon.

Freagraí Teileafóin Uathoibríocha

Rinne mórán gach duine díobh sin ar cuireadh agallamh orthu tagairt don mhíghnaoi atá acu ar fhreagraí teileafóin uathoibríocha. Mheasadar go bhfuilid neamhphearsanta, go bhfuil an guthú míshoiléir agus go bhfuil an réimse roghanna rófhada agus casta.

Eolas Ginearálta

Dúirt na daoine a bhí i láthair ag na seisiúin chomh maith go bhfuair eadar deacair é eolas a fháil faoi rudaí a bhíonn ag titim amach sa tír agus ar an iomlán go raibh sé fadálach agus mearbhloch a bheith ag iarraidh teacht ar eolas a bhaineann le seirbhísí atá ar fáil. Bíonn deacracht acu teacht ar eolas ar ardchaighdeán agus táthar ag braith go rómhór ar an idirlíon. Dúradar gur féidir le droch-amharc, dathdhaille agus easpa deaslámhachta a bheith mar bhac ar dhaoine scothaosta agus iad ag úsáid ríomhairí agus dá bharr sin go gcailleann siad amach ar an rogha cumarsáide is tábhachtaí.

Seirbhís do Chustaiméirí

Dúirt cuid de na daoine scothaosta nuair a smaoiníonn siad ar an taithí atá acu mar chustaiméirí gur minic a bhraitheadar faoi bhrú agus nach mbíonn soláthróirí seirbhísí foighneach leo.

7 CUMARSÁID AGUS EOLAS

Comhordú agus Rialáil

Níor mhór go mbeadh cumarsáid á comhordú agus á rialáil ar bhealach níos fearr mar a bhaineann sé le nuachtlitreacha sa cheantar – tá dramhphost agus mangaireacht ag an doras nó ar an teileafón in ann imeagla agus scanradh a chur ar dhaoine scothaosta.

Béarlagair agus Canúintí

Dúirt na daoine scothaosta gur minic a bhíonn eolas scríofa lán de bhéalagair agus d'acrainmneacha i dtéacs casta seachas i mBéarla atá soiléir agus simplí. Dúirt cuid díobh go mbíonn deacracht acu agus go gcuireann sé frustrachas orthu nuair a bhíonn siad ag iarraidh canúintí láidre a thuiscint go háirithe más amhlaidh go bhfuil deacrachtaí éisteachta acu nó go bhfuilid leochaileach agus trína chéile cheana.

Cinntí Tosaigh HaPAI

Tá úsáid bainte as an idirlíon ag breis is leath (55%) de dhaoine scothaosta i nDún Laoghaire le trí mhí anuas. Tá sé seo go maith os cionn an mheáin de 35% go náisiúnta (TILDA 2014)

Tá difríocht shoiléir aoise ann mar a bhaineann le húsáid an idirlín go laethúil idir aoisghrúpaí – úsáideann 69% díobh sin san aoisghrúpa 55-69 agus 37% díobh sin atá 70+ an idirlíon go laethúil nó beagnach go laethúil. Arís tá úsáid laethúil an idirlín níos airde ar an meán i nDún Laoghaire ná mar atá go náisiúnta.

Na Céimeanna atá á dtógáil Anois

Foilsíocháin Áitiúla

Tá roinnt páipéar agus irisleabhar áitiúil i nDún Laoghaire chun áitritheoirí a choinneáil ar an eolas, lena n-áirítear an Gazette, Southside People agus DLR Times, mar aon le hirisleabhair pobail/paróiste mar Three Rock Panorama.

7 CUMARSÁID AGUS EOLAS

Straitéisí Cumarsáide

Tá a gcuid straitéisí cumarsáide féin ag Comhairle Contae DLR, an Garda Síochána agus ag HSE.

Suíomh Gréasáin Imeachtaí DLR

Sheol Comhairle Contae DLR suíomh gréasáin nua <http://events.dlrcoco.ie> i 2015 chun na himeachtaí uile ag tarlú i DLR a shaincagadh in aon áit amháin. Tá an Chomhairle i mbun suíomh gréasáin corparáideach nua glan a fhorbairt chomh maith.

Oifigigh Rochtana

Ní mór do gach soláthróir seirbhísí poiblí oifigeach rochtana a bheith acu chun cúnaimh a thabhairt d'aon duine a bhfuil deacracht aige teacht ar a gcuid seirbhísí.

Biúró Comhairle Saoránach

Tá Biúróanna Comhairle Saoránach ar fud an chontae má bhíonn comhairle de dhíth ar aon duine faoi sheirbhís ar leith.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

Tá creat nua ar mhaithe le rannpháirtíocht agus comhphárteachas poiblí, darbh ainm Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) á fhorbairt faoi láthair i DLR. An aidhm atá leis an struchtúr agus leis an bpróiseas ná leis an bpobal agus na heagraíochtaí a éascú agus a chumasú le réimse leathan tuairimí agus suimeanna laistigh den chóras rialtais áitiúil a chur in iúl agus le hardán comhphárteachais do na hearnálacha pobail, sóisialta agus comhshaoil, a chur ar fáil.

Líonra na nDaoine Scothaosta

Tá suíomh gréasáin forbartha ag Líonra na nDaoine Scothaosta ina bhfuil eolas tugtha faoi ghníomhaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil do dhaoine scothaosta.

www.olderdle.ie

7 CUMARSÁID AGUS EOLAS

Mórchúrsa Oscailte ar líne

Tá Coláiste na Tríonóide, i gcomhpháirt le hAoisbhá Éireann, ag obair in éineacht le hionadaithe ó 5 cinn de chláir Chathracha & Contaetha Aoisbhá na tíre, chun Mórchúrsa Oscailte saor in aisce ar líne a fhorbairt chun straitéisí um aosú dearfach a chur i láthair.

7.CUMARSÁID AGUS EOLAS

Na Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn: A chinntiú gur féidir le daoine scothaosta teacht ar eolas tráthúil, praiticiúil faoi cad atá ag tarlú ina bpobail féin.

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
7.1	Gnólachtaí a spreagadh le 'brú '0' chun labhairt le hoibritheoir' a bheith mar chéadrogha ar uathsheirbhís teileafóin	Líon na ngnólachtaí atá athraithe anonn go dtí an rogha	Sástacht Custaiméirí	Comhlachas Tráchtála
7.2	Taighde a dhéanamh ar chlár custaiméirí leochaileacha ar mhaithe le cumarsáid	Múnla chlár custaiméirí leochaileacha a aithint	Sástacht custaiméirí agus braistint fiúntais feabhsaithe	DLR
7.3	Suíomh gréasáin do Líonra na nDaoine Scothaosta a fhorbairt	Forbairt suíomh gréasáin	Rochtain chuig eolas feabhsaithe	Líonra na nDaoine Scothaosta
7.4	Taighde a dhéanamh faoi fhéidearthacht Leathanach Eolas Pobail ar ardáin meán clóite agus úsáid ardáin meán eile a fhiosrú leis.	Forbairt ar roghanna faoi eolas pobail	Rochtain chuig eolas feabhsaithe	Fóram Soláthróirí Seirbhísí

7.5	Scaipeadh de chruachóipeanna den PPN Ríomh-iris a chur chun cinn	Ríomh-iris a chur i gcló ag braith ar éileamh	Rochtain chuig eolas feabhsaithe	Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
7.6	Athbhreithniú/Forbairt a dhéanamh ar straitéis cumarsáide a chuimsíonn inrochtaineacht, ag teacht le treoirlínte Straitéis Chumarsáid LGMA	Athbhreithniú nó forbairt ar Straitéis Cumarsáide	Straitéis Cumarsáide dírithe ar chustaiméirí	Fóram na Soláthróirí Seirbhísí
7.7	Treoir Stíle a athbhreithniú/a fhorbairt (i gcomhpháirt leis an Straitéis Cumarsáide agus le Straitéis Chumarsáid LGMA)	Forbairt Treoir Stíle	Tuiscint faoi chomhfhreagras 'oifigiúil' feabhsaithe	Fóram na Soláthróirí Seirbhíse
7.8	Béarla Soiléir i gcomhfhreagras oifigiúil a chur chun cinn	Líon gnólachta atá tiomanta do pholasáí Béarla Soiléir	Tuiscint níos fearr ar chomhfhreagras	Fóram na Soláthróirí Seirbhísí
7.9	An fháil ar ranganna Béarla do bhaill foirne a bhíonn ag obair i seirbhísí do chustaiméirí agus nuair nach é an Béarla a gcéad teanga.	Líon gnólachtaí atá ag cur ranganna Béarla chun cinn	Cumarsáid agus tuiscint feabhsaithe	Fóram na Soláthróirí Seirbhísí

8 Tacaíocht Pobail agus Seirbhísí Sláinte

Forléargas

Faoin téama seo déanaimid machnamh faoi gcaoi ar féidir linn, i gcomhpháirt lenár gcuid Páirtithe Leasmhara agus Comhpháirtithe, cúnamh a thabhairt do dhaoine scothaosta fanacht sláintiúil agus neamhspleách. Déanaimid machnamh faoin gcaoi is fearr le seirbhísí pobalbhunaithe a fheabhsú – lena n-áirítear scagthástáil choisctheach, seirbhísí meabharshláinte agus comhairle faoi bhia sláintiúil ar mhaithe lenár ndaoine scothaosta a choinneáil sláintiúil agus an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí othar cónaitheach agus othar seachtrach ospidéal a laghdú.

Mar chuid den phróiseas athchóirithe Rialtas Áitiúil tá ar Choistí Forbartha Pobal Áitiúil (LCDC) Plean sé bliana Geilleagair agus Pobail Áitiúil (LECP), a réiteach. Cuimsíonn an plean dhá ghné:

Gné geilleagair áitiúil (réitithe agus glactha ag an Údarás Áitiúil), agus

Gné forbartha pobail (réitithe agus glactha ag an LCDC). Ghlac DLR lena LECP i mí na Nollag 2015 agus tugann sé pointe fócais dúinn i leith fhorbairt pobail go dtí 2021.

Tá HSE aitheanta mar phríomhpháirtí leasmhara sa phróiseas forbartha LECP agus tugann sé sin an deis le haghaidh pleanála atá comhleanúnach maidir le sláinte agus folláine fheabhsaithe i gcomhthéacs níos leithne.



8. TACAÍOCHT POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Na Pointí a Luaigh Daoine

D'aontaigh na rannpháirtithe ar an iomlán go bhfuil seirbhís mhaith sa chontae maidir le hospidéal phoiblí agus phríobháideacha. Dúradar go bhfuil dea-rochtain acu ar Dhochtúirí Teaghlaigh (GPanna) agus go bhfuil an caidreamh atá acu lena GP agus leis an mBanaltra Sláinte Poiblí go maith i gcoitinne. Dúradar leis nach mbíonn siad ag fanacht rófhada chun dochtúir a fheiceáil. Lean rannpháirtithe leo ag tagairt don ról a bhí ag Grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir agus ag Ionaid Paróistí chun tacaíocht pobail a éascú. Luaigh daoine eile na deontais atá á riaradh ag an gComhairle agus an obair mhaith atá á déanamh ag Meals on Wheels, cé gur mheas roinnt daoine nach raibh caighdeán na beatha go maith.

Seirbhísí Sláinte

Go ginearálta dúirt rannpháirtithe nach raibh aon eolas acu nó nach mórán eolais a bhí acu faoi réimse an chúnaimh bhaile nó tacaíochtaí teaghlaigh nó seirbhísí a d'fhéadfaidís a bheith ina dteideal.

Ní raibh a fhios acu cé leis a labhródh siad nó cén áit go díreach le dul chun é a fháil amach. Mheasadar go bhfuil easpa eolais orthu go ginearálta faoi sheirbhísí sláinte. Dúradar go gceapann siad go bhféadfaí na naisc idir an Bhanaltra Sláinte Poiblí agus an Garda Síochána a fheabhsú.

Iompar chuig Ospidéal

Chuir mórán gach rannpháirtí inní in iúl faoin easpa sheirbhís inrochtana iompair phoiblí chuig Ospidéal Naomh Uinseann agus Bhaile Uí Lachtnáin.

Córas Coinnithe Ospidéal

D'iarr roinnt daoine scothaosta an bhféadfadh an córas coinnithe ag ospidéal agus ag ionaid othar seachtrach a bheith dírithe níos mó ar an duine, ag tabhairt cúnaimh do duine a bheadh deacracht aige é féin a ghléasadh agus ag eagrú chóras iompair. Mar shampla d'fhéadfadh coinne ag 9.00 a chur ar dhuine scothaosta bheith ag éirí ag 6.30. Is fada an tréimhse ama é go háirithe do dhuine atá ag troscadh.

8. TACAÍOCHT POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Do Bhealach a dhéanamh san Ospidéal

Dúradh leis gur minic a bhíonn an-deacracht ag daoine a mbealach a dhéanamh thart san ospidéal. Go hiondúil bíonn comharthaí crochta i bhfad ró-ard agus an iomad eolais orthu. Bíonn dóthain imní ar dhaoine de bharr a bheith ag freastal ar ospidéal gan an strus breise ó bheith ag dul amú agus trína chéile.

Comhchaidrimh Chúraim Phearsanta

Dúirt roinnt de na daoine a bhfuil pacáistí chúraim bhaile acu go mbíonn deacrachtaí acu leis na pacáistí mar go n-athraítear na cúramóirí a bhíonn sannta dóibh ró-mhinic – fágann sin go mbíonn easpa leanúnachais ann agus nach mbíonn deis acu comhchaidreamh maith a fhorbairt leis na cúramóirí.

Láithreacha fadtéarmacha cúraim

Dúirt cuid díobh a cuireadh faoi agallamh agus atá in ionaid chúraim go fadtéarmach nach bhfuil siad cinnte cén fáth a bhfuil siad in ionad cónaithe sa chéad áit. Níl aon eolas acu faoi ‘pleananna chúraim phearsanta’. Lean siad orthu ag rá go bhfuil a saol leadránach agus gan spreagadh intleachtúil agus go bhfuil easpa comhphárteachais ann leis an ‘Saol Lasmuigh’.

Cinntí Tosaigh HaPAI

Deir 74% de dhaoine in aois 55-69 agus 68% de dhaoine in aois 70+ go bhfuil an tsláinte acu go maith nó go han-mhaith.

Tá tinneas le fada an lá nó fadhbanna sláinte ag cur isteach ar 27% de dhaoine in aois 55-69 agus 57% de dhaoine in aois 70+ i nDún Laoghaire-Ráth an Dún. Ina measc siúd tá 13% díobh atá teoranta go mór ina gcuid gníomhaíochtaí laethúla mar gheall ar an bhfadhb sláinte atá acu..

Thuairisc 57% de dhaoine fásta in aois 55 go 69 agus 45% díobh in aois 70+ go ndéanann siad 150 nóiméad ar a laghad de ghníomhaíocht choirp mheasartha sa seachtain. Trasna na tíre seasann na figiúirí ag 53% in aois 55 go 69 agus 34% in aois 70+.

8. TACAÍOCHT POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Na Céimeanna atá á dtógáil Anois

HSE

Cuireann an HSE réimse leathan seirbhísí ar fáil do dhaoine atá ag dul in aois in Éirinn. Áirítear iontu sin: Pacáistí Chúram Baile, Scéim Tacaíochta Theach Altranais, Teidlíochtaí Sochar agus Airgeadais, eolas faoi Sheirbhísí Pobail agus faoi Chúram Cónaithe. Tá seirbhís íosghlao á cur ar fáil ag HSE chomh maith, ó Luan go hAoine idir 8.00 am agus 8.00 pm ag 1850 241850.

Bunaíodh Rannán Feabhsú Cáilíochta (QID) an HSE i 2015 le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt cultúir a dhéanann cinnte de go bhfuil feabhsú chaighdeán cúraim ag croílár na seirbhísí uile atá á seachadadh ag HSE. Oibríonn QID i gcomhpháirt le hothair, teaghlaigh agus leis na daoine ar fad atá ag obair sa chóras sláinte chun caighdeán agus sábháilteacht an chúraim atá curtha ar fáil a nuáil agus a fheabhsú. Is é cúram gach duine an caighdeán a fheabhsú agus tá a ról féin san obair sin ag gach aon duine atá ag obair san HSE.

Caighdeáin Cáilíochtaí Náisiúnta maidir le hIonaid Chúram Cónaithe do dhaoine scothaosta in Éirinn

Leagann na caighdeáin cáilíochtaí náisiúnta síos go soiléir céard atá le cur ar fáil ag soláthróir seirbhíse agus céard is féidir le cónaitheoir, a chlann, nó cúramóir, nó baill den phobal, a bheith ag súil leis in ionaid chúram cónaithe. Pléann siad le nithe mar chearta daoine scothaosta, cosaint, riachtanais sláinte agus shóisialta, cáilíocht na beatha, cúrsaí foirne, an timpeallacht cúraim agus bainistíocht agus rialachas. Ina theannta sin cuimsíonn na caighdeáin critéir bhreise a bhaineann le haonaid a chuireann sainchúram ar fáil do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Líonra na nDaoine Scothaosta

Oibríonn Líonra na nDaoine Scothaosta i gcomhoibriú le Rannóg an Phobail de Chomhairle Contae DLR. Oibríonn sé i bpáirt le forais eile a bhfuil suim acu i saincheistean daoine scothaosta, chomh maith. Oibríonn sé le, ach ní dhéanann sé dúbailt ar, a bhfuil ar siúl ag eagraíochtaí eile agus labhraíonn siad d'aonghuth faoi chúrsaí ar údair imní iad.

8. TACAÍOCHT POBAILAGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Caife Alzheimer Dhomhnach Broc

Is áit shábháilte, gan strus, í an Caife Alzheimer i nDomhnach Broc, atá ar cheann de roinnt Caife Alzheimer in Éirinn, inar féidir le daoine a bhfuil néaltrú orthu, a gclanna agus cairde, agus daoine gairmiúla sláinte agus chúram sóisialta, teacht le chéile i dtimpeallacht ina bhfuil cumasc ar leith d'oideachas agus tacaíocht ar fáil. Is fóram é inar féidir le daoine a gcuid taithí a roinnt agus labhairt faoi néaltrú. Tagann Caife Alzheimer Dhomhnach Broc le chéile ar an dara Déardaoin den mhí, ó 7 -9 pm san Ionad Avila, Domhnach Broc. Tá cead isteach saor in aisce agus ní gá áirithint roimh ré a dhéanamh.

Living Well with Dementia

Is tionscadal píolótach pobalbhunaithe é seo chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine agus dá gcuid cúramóirí atá ag maireachtáil le néaltrú sa cheantar Stigh Lorgan-Carraig Dhubh, chun fanacht ina gcónaí sa bhaile agus a bheith páirteach sa phobail féin. Cuireadh tús leis i nDeireadh Fómhair 2012. Cuireadh cuibhreanna Living Well with Dementia le chéile chun an tionscadal a bheartú agus a sheachadadh. Cuimsíonn an fhoireann daoine le néaltrú, a bpríomhchúramóirí agus ionadaithe ó ghrúpaí pobail, eagraíochtaí deonacha, gnólachtaí áitiúla, eagraíochtaí sláinte agus chúram sóisialta agus eagraíochtaí reachtúla agus neamhrialtasacha (NGOanna). Teil 01 706 0100.

8. TACAÍOCHT POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

Ná Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn ná: Le seirbhísí sláinte agus pobail so-inrochtana a chur ar fáil do dhaoine scothaosta, agus cúnamh le, agus rochtain chuig, gnáth imeachtaí an lae, agus cúram baile agus fónais cónaithe ar ardchaighdeán

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
8.1	“Cúltaca” nó ról bhróicéireacht seirbhíse dá leithéid a bhunú chun naisc idir dhaoine scothaosta agus seirbhísí sa Phobal a fheabhsú. Féach http://www.netwellcasala.org	Forbairt ról bhróicéireacht seirbhíse	Rochtain fheabhsaithe shóisialta chuig seirbhísí seachas ar éileamh	Comhaontas
8.2	Oibreoidh HSE (Ceantar 6) le Rannán Feabhsaithe Caighdeán an HSE chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann chun solais as Cruinnithe Éisteachta bliantúla idir HSE agus Comhairlí na nDaoine Scothaosta	Saincheisteanna réitithe	Feabhas ar cháilíocht seirbhíse	HSE
8.3	Déanfaidh HSE taighde féidearthachta faoi chóras coinnithe duine-lárnaithe a fhorbairt agus píolótú a dhéanamh air in ospidéal áitiúil	Córas nua coinnithe bunaithe	Ráta feabhsaithe freastail agus othair níos sásta	HSE
8.4	Nóta ‘conas do bhealach a dhéanamh’ a iniamh le coinne ospidéil. Bus/Luas/Dart/Tacsáí is giorra	Nótaí ‘conas do bhealach a dhéanamh’ iniata.	Taifead freastail ar choinní feabhsaithe	HSE

8.5	Comharthaíocht agus roghanna treoraithe atá Aoisbhách a fhorbairt in ospidéal	Déanfaidh ospidéal i DLR píolótú ar mhúnla treoraithe aoisbhách	Níos lú struis ar othair agus ar chuairoteoirí	HSE
8.6	Féidearthacht bhunú chlár deonach ambasadóirí ospidéal a fhiosrú.	Ceapadh ambasadóirí ospidéal	Feabhas foriomlán ar eispéireas daoine scothaosta san ospidéal	Fóram na Soláthróirí Seirbhísí
8.7	A chinntiú go bhfuil polasaí ag soláthróirí chúram baile cúramóirí rialta a chur ar fáil, chomh fada agus is féidir.	Soláthróirí cúraim ag glacadh leis an bpolasaí	Seirbhís chúram baile feabhsaithe	HSE
8.8	Feasacht a ardú faoin gclár gníomhaíochtaí “Go for Life”	Líon na dtionscnamh dírithe ar dhaoine scothaosta	Gníomhaíocht choirp i measc daoine scothaosta feabhsaithe	Comhpháirtíocht Spóirt & Oideasú Sóisialta DLR

9 Sábháilteacht & Slándáil

Forléargas

Sa téama seo déanaimid machnamh faoin mbealach is fearr is féidir linn oibriú leis an nGarda Síochána agus le páirtithe leasmhara eile agus le pobail chun aghaidh a thabhairt ar aon inní atá orthu faoi shlándáil phearsanta ina gcuid tithe nó sa phobal níos leithne agus ina theannta sin faoi shaincheisteanna níos leithne sábháilteachta mar a bhaineann sé lena sláinte agus folláine.

Tá an fhreagracht curtha ar an gComhchoiste Póilíneachta (JPC) le haghaidh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin i leith comhordú agus cur chun feidhme gníomhaíochta a bhaineann le fóram póilíneachta a chur ar bun agus measúnú a dhéanamh ar choiriúlacht sa cheantar ar mhaithe le teacht ar bhealaí chun feabhsúcháin a dhéanamh. Leanann DLR, An Garda Síochána, ár soláthróirí seirbhísí eile agus ár gcomhpháirtithe pobail ag obair chun an contae a choinneáil slán agus taitneamhach do chách.



Fíor 11 Cumann Daoine Scothaosta an Garda Síochána

9. SÁBHÁILTEAGHT AGUS SLÁNDÁIL

Na Pointí a Luaigh Daoine

Dúirt mórán de na ndaoine a labhraíomar leo go mbraitheann siad slán sa Chontae i rith an lae. Shíleadar go ginearálta go bhfuil dearcadh agus iompar na ngardaí lách agus thráchtadar ar an mearfhreagra a dhéanann siad ar chásanna éigeandála. Luadh go háirithe iarrachtaí na nGardaí chun caidreamh le daoine scothaosta a thógáil agus a chaomhnú. Dúirt cuid mhaith díobh sin a ceistíodh go n-úsáideann siad aláram tí agus ar scála níos lú, aláram pearsanta, scéim ICE uimhir agus teachtaireacht i mbuidéal (go príomha mar nár chuala siad trácht orthu nó nach raibh a fhios acu conas iad a fháil). Is beag duine a dhearbhaigh go raibh pleananna éigeandála pearsanta curtha le chéile acu. Dúirt roinnt daoine go raibh dea-chomharsana thar a bheith riachtanach chun go mbraithfidís slán sa cheantar.

Óige

Dúirt roinnt daoine scothaosta go mbraitheann siad neirbhíseach nó faiteach faoi dhaoine óga nach bhfuil aithne acu orthu. Is mó san oíche atá i gceist agus nuair a thagann grúpaí móra díobh le chéile ag cúinní sráide.

Mí-úsáid substaintí

Dúirt roinnt de na daoine scothaosta a cuireadh faoi agallamh i nDún Laoghaire go mbraitheann siad thar a bheith neirbhíseach i mbun a gcuid cúraimí Déardaoin agus Dé hAoine mar gurb iad sin na laethanta níos gnóthaí sa chlinic meatadóin ar Shráid Phádraig.

Soilse Sráide

Dúirt roinnt daoine scothaosta nach mbraitheann siad sábháilte ag dul amach tar éis titim na hoíche go háirithe in áiteanna nach bhfuil mórán soilse sráide iontu. Ach, dúradar sna háiteanna ina bhfuil soilse sráide ag obair go bhfuil an caighdeán go maith ach uaireanta go mbíonn sé deacair teacht ar dhuine le glaoch air chun ceann briste a dheisiú.

Daoine ag an Doras

Dúirt mórán gach duine scothaosta nach maith leo daoine ag teacht ag an doras san oíche agus go háirithe mura bhfuil cárta aitheantais acu.

Gardaí le Feiceáil

Cheap cuid de na daoine scothaosta nach mbíonn dóthain Gardaí le feiceáil thart sa Phobal. Dúradar go mbraithfidís níos sábháilte dá mbeadh Gardaí le feiceáil níos minice mar go gcuirfidís rialacha agus rialúcháin i bhfeidhm faoi rothaíocht ar na cosáin agus cionta tiomána.

Díchuimhne

Dúirt mórán gach duine a cuireadh faoi agallamh go bhfuil imní orthu faoi bheith dearmadach nó ag éirí dearmadach. Dúradar nach rabhadar ar an eolas faoi sheirbhísí tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

Cor Coise agus Titim

Bhí imní ar mórán na daoine ar fad a labhair roimh chor coise nó titim agus gan aon duine a bheith ann chun cuidithe leo.

Comhfhreagras ó na Gardaí

Dúirt roinnt daoine a labhair go raibh díomá orthu faoin gcumarsáid iarmharach ó na Gardaí i ndiaidh eachtra coiriúlachta agus faoi nádúr neamhphearsanta an chomhfhreagrais uathu.

Cinntí Tosaigh HaPAI

Go ginearálta, braitheann formhór daoine os cionn 55 sábháilte, braitheann 90% díobh sin atá 70+ sábháilte ina gcuid tithé san oíche. Ach, braitheann 17% de mhná agus 8% d'fhir nach bhfuil siad sábháilte ag dul thart san oíche. Thuairisc 17% d'fhir agus 21% de mhná gur tharla eachtra dóibh a d'fhág faoi imní iad maidir le sábháilteacht.

Na Céimeanna atá á dtógáil anois

Comhchoiste Póilíneachta(JPC)

Cuireadh an Comhchoiste Póilíneachta (JPC) ar bun i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin in Aibreán 2009. D'eascair sé ó threoirínte a d'eisigh na hAirí Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Cuimsíonn an JPC 14 Comhairle Contae agus 5 ball den Oireachtas, 2 Oifigeach Garda ainmnithe ag an gCoimisinéir agus triúr eile mar ionadaithe an phobail. Tá Príomhfheidhmeannach na Comhairle agus duine eile ainmnithe aici ina mball de bhrí oifige de JPC.

Fóra Póilíneachta

Tá 3 fhóra póilíneachta áitiúla (LPF) bunaithe ag JPC sa chontae ag Baile Uí Lachtnáin, An Baile Breac, Dún Laoghaire Lár agus Áth an Ghainimh. Cuimsíonn ballraíocht na gcoistí ionadaithe ó; An Garda Síochána, Comhairle Contae DLR, Bainistíocht Eastát Áitiúil, LUAS agus Ionadaithe Pobail Áitiúla. Forbraíonn na LPFanna seo pleananna oibre don bhliain bunaithe ar na saincheisteanna a ardaítear ag cruinnithe poiblí a eagraítear go háitiúil. Tá páirt shuntasach imeartha ag na fóra póilíneachta áitiúla seo chun leibhéal na hiompraíochta frithshóisialta agus coiriúlachta ina gcuid ceantar ó bunaíodh iad, a íslíú.

Cumann an Garda Síochána do Dhaoine Scothaosta (GOPA)

Bunaíodh GOPA mar chúnamh chun seirbhís póilíneachta atá ag díriú ar riachtanais daoine scothaosta i gceantar Garda Réigiún Uirbeach Bhaile Átha Cliath Thoir (DMR) a sheachadadh agus chun dea-chumarsáid a chur chun cinn agus a chaomhnú i measc an phobail ar mhaithe le riachtanais daoine scothaosta

Aláram Phearsanta

Tá an próiseas iarratais le haghaidh aláram pearsanta faoi fhaireachán cuíchóirithe anois agus á oibriú trí GOPA agus á reáchtáil ag Aonad Forbartha agus Cuimsithe Sóisialta Chomhairle Contae DLR. An táille faireacháin ná €66 p/a.

Teachtaireacht i mBuidéal

Is buidéal simplí é teachtaireacht i mbuidéal ina gcuireann úsáideoirí sonraí faoi chógais nó éalaing atá orthu i mbuidéal. Go hiondúil coinnítear an buidéal sa chuisneoir. Cuirtear seirbhísí éigeandála ar an eolas faoin mbuidéal trí chros glas dischréideach gar don doras tosaigh. Tá buidéal á roinnt amach ag an Lyons Club.

9. SÁBHÁILTEAGHT & SLÁNDÁIL

Na Céimeanna a thógfaimid sa Todhchaí

An Sprioc atá againn ná: Lena chinntiú go mbraitheann daoine scothaosta go bhfuilid slán sábháilte ina gcuid tithe agus/nó iad ag dul thart sa phobal.

Uimh.	Gníomhartha	Táscaire	Toradh	Treoraí
9.1	Tionscadail agus deiseanna idirghlúine a fhorbairt	Líon na n-imeachtaí agus na ndeiseanna tionscadail idirghlúine	Braistint pobail agus glacachta feabhsaithe	Líonra na nDaoine Scothaosta
9.2	Tacú le forbairt Chaife an Phobail i nDún Laoghaire	Bunú Chaife an Phobail	Fóntas sábháilte fáiltiúil	Fóram na Soláthróirí Seirbhísí
9.3	Patrólú ard-infheictheachta, dírithe, ceantair, i bhfeithiclé agus de shiúl na gcos, a thabhairt isteach i gceantair ina bhfuil dlús ard agus/nó líon ard daoine scothaosta	Líon áiteanna aitheanta le haghaidh patrólaithe dírithe.	Braistint fheabhsaithe sábháilteachta agus slándála san oíche.	Gardaí
9.4	Forbairt “Saincheantair Saor ó Mhangaireacht” cosúil leis na samhlacha i Sasana a scrúdú agus tionscadal píolótach a chur ar siúl más féidir	Sampla Píolótach de “Saincheantar Saor ó Mhangaireacht”	Braistint fheabhsaithe sábháilteachta agus slándála sa bhaile	DLR/Gardaí

9.5	Féachaint le leibhéal íomchuí Gardaí Pobail a bheith ann, faoi réir acmhainní	Feidhm Gardaí Pobail coinnithe	Caidreamh feabhsaithe idir an Garda Síochána agus an pobal	Gardaí
9.6	Feachtas feasachta agus oideachais a fhorbairt ar 'Bóithre níos Sábháilte do Dhaoine Scothaosta'	Forbairt fheachtas feasachta agus oideachais ar 'Bóithre níos Sábháilte do Dhaoine Scothaosta'	Sábháilteacht agus slándáil méadaithe i measc úsáideoirí bóthair	Gardaí agus DLR
9.7	Cur chun cinn bhileog an HSE ar chosaint in aghaidh cor coise agus titim a mhéadú	Líon na n-ionad dáiliúcháin bhreise.	Níos lú cor coise agus titim agus daoine scothaosta ina n-aonar ag braistint níos sábháilte sa bhaile	HSE
9.8	An próiseas iarratais le haghaidh aláram pearsanta agus seirbhís faireachán simplithe.	Simpliú an phróisis iarratais i leith aláram pearsanta agus faireachán	Braistint fheabhsaithe slándála agus muiníne pearsanta	Gardaí agus GOPA
9.9	Foráil a dhéanamh i leith seisiún oiliúna agus eolais do Ghardaí faoi dhea-chleachtas chun déileáil le daoine scothaosta	Seisiún oiliúna agus eolais do Ghardaí faoi dhea-chleachtas chun déileáil le daoine scothaosta curtha ar fáil	Tuiscint níos fearr faoi riachtanais daoine scothaosta agus seirbhís fheabhsaithe	Gardaí
9.10	Infhaighteacht Sheirbhís Taistil Tacaíochta an Garda Síochána a chur chun cinn	Deiseanna chun Seirbhís a chur chun cinn	Seirbhís Gardaí agus áisiúlacht feabhsaithe	Gardaí

9.11	Oiliúint Feasachta faoi Néaltrú don fhoireann túslíne a chur ar fáil mar thosaíocht agus a leathnú don eagraíocht ar fad	Cúrsaí feasachta faoi néaltrú curtha ar fáil	Tuiscint agus feasacht faoi néaltrú feabhsaithe	FÓRAM NA SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ
9.12	Infhaighteacht na scéime Teachtaireacht i mBuidéal a chur chun cinn.	An tseirbhís a chur chun cinn	Freagairt éigeandála feabhsaithe	Líonra na nDaoine Scothaosta

Cur Chun Feidhme agus Athbhreithniú

Déanfaidh Comhaontas Aoisbhá DLR go comhpháirteach cur chun feidhme na straitéise seo a phleanáil agus a mhaoirsiú. Oibreoidh an Comhaontas go dlúth le hAoisbhá Éireann, an Fóram Gnó agus Fóram nuabhunaithe na Soláthróirí Seirbhísí lena chinntiú go gcuirtear gníomhartha i gcrích go tráthúil faoi réir acmhainní atá ar fáil agus athróga eile. Déanfar faireachán rialta ar an dul chun cinn.

Ina theannta sin is féidir go ndéanfar tuilleadh suirbhéanna chun tuairimí daoine scothaosta a fháil thar thréimhse ama na straitéise seo.

Foilseofar Tuarascáil Bhliantúil gan bliain chun stádas agus dul chun cinn na straitéise agus obair an Chomhaontais a léiriú.

Aitheantais

Is mian linn aitheantas a thabhairt d'ionchur na ndaoine ar fad a d'fhreastail ar na seisiúin comhchomhairle ar fud an chontae le linn míonna an tsamhraidh 2015, agus a thug uathu a gcuid ama, fuinnimh agus taithí go flaitiúil. Is mian linn an tacaíocht a thugadar agus an tsuim a bhí ag Líonra na nDaoine Scothaosta agus a spreag daoine le bheith i láthair ag na seisiúin comhchomhairle, a aithint leis.

Glacaimid buíochas le Pat Doherty agus le hAoisbhá Éireann faoin gcomhairle, tacaíocht agus comhoibriú a thugadar tríd síos, le fócas macánta ar cháilíocht beatha daoine scothaosta sa Chontae a fheabhsú.

Ár mbuíochas leis le foireann an aonaid Cuimsithe Sóisialta a d'oibrigh agus a d'fhorbair an straitéis seo le spiorad an chomhair agus na díograise, ó thús.

Ar deireadh is mian linn ionchur cuimsitheach gairmiúil Julieanne Prediville sa straitéis seo a aithint. Bhí an obair a rinne sí ag déanamh comhthiomsaithe ar na cinní ó na Comhráití Comhsheasaimh, an aird a thug sí ar mhionsonraí agus an taithí a bhí aici ag réiteach luath-dréachtaí, thar a bheith luachmhar.

Gluais

Fóram Gnó Aoisbhá (AFBF): Comhpháirtíocht neamhfhoirmiúil d'fhiontair ag obair le chéile chun feasacht agus tuiscint i measc an lucht gnó a fhorbairt faoi riachtanais daoine scothaosta agus na bealaí is fearr iad a fhreagairt. Tá Fóram Aoisbhá do gach Comhaontas Ceantair.

Clár Cathracha agus Contaetha Aoisbhá (AFCCP): Oiriúnú na hÉireann ar shamhail na hEagraíochta Domhanda Sláinte de Chathracha agus Pobail Aoisbhá. Tá an clár á leathnú ar fud an stáit ag Aoisbhá Éireann.

Comhaontas: Comhaontas an Chontae, grúpa ardleibhéal tras-earnálach gníomhaireachtaí ar comhpháirtíocht straitéiseach uileghabhálach é, a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm straitéis aoisbhá Bhaile Átha Cliath.

Gnólachtaí: Eagraíochtaí tráchtála a chuireann earraí agus seirbhísí ar fáil

Líonra na nDaoine Scothaosta (NOP): Grúpa ionadaíoch de dhaoine scothaosta curtha le chéile le húdair imní agus taithí a roinnt agus chun an próiseas cinntithe i dTionscnamh Aoisbhá Bhaile Átha Cliath a oiliúint.

Soláthróirí Seirbhísí: Eagraíochtaí neamhthráchtála, príobháideacha, poiblí, deonacha nó pobail, a chuireann seirbhísí ar fáil.

Fóram na Soláthróirí Seirbhísí (FÓRAM SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ): Grúpa soláthróirí seirbhísí a cuireadh le chéile le bheith ag comhoibriú lena chéile le réitithe chun tabhairt faoi shaincheisteanna a chuireann isteach ar dhaoine scothaosta a fháil. Tá Fóram Soláthróirí Seirbhísí ann do gach Comhaontas Ceantair.

Páirtithe Leasmhara: i gcomhthéacs na straitéise seo tagraíonn páirtithe leasmhara d'eagraíochtaí príobháideacha, poiblí, deonacha agus pobail, chomh maith le daoine aonarach, atá páirteach i bpróiseas Aoisbhá DLR, lena n-áirítear baill den Chomhaontas, d'Fórim agus de Líonra na nDaoine Scothaosta.

Giorrúcháin

CARDI: Ionad Taighde agus Forbartha um Aosú in Éirinn

CSO: An Phríomh-Oifig Staidrimh

DCU: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

DLRCC: Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

EU: An tAontas Eorpach

HSE: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

GP: Dochtúir Ginearálta (Dochtúir Teaghlaigh)

IT: Teicneolaíocht Faisnéise

NCAOP: Comhairle Náisiúnta um Dhul in Aois agus Daoine Scothaosta

OPRAH: Daoine Scothaosta ag Fanacht sa Bhaile

TILDA: Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú

WHO: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Aguisín 1

An Tinreamh ag Seisiúin Comhchomhairle Aoisbhá

Ionad	Fir	Mná	Iomlán
Halla an Chontae (Suirbhé) 18/02/15	8	33	41
Baile an tSaoir (Suirbhé) 26/02/15	1	14	15
Cábán tSíle 04/03/15	4	13	17
Baile Uí Lachtnáin 05/03/15	2	12	14
Glas Tuathail 12/03/15	2	12	14
An Naigín 19/03/15	0	2	2
Baile an Mhuilinn 23/03/15	0	2	2
Cill Tiarnáin 24/03/15	8	22	30
Ascaill Pháirc Bhaile Nua 26/03/15	9	21	30
Teach Naithí 07/04/15	2	1	3
An Garrán Cnó 08/04/15	5	12	17
Dún Laoghaire (Ionad Boylan) 15/04/15	2	12	14
Baile an Bhóthair 16/04/15	2	10	12
Baile an tSaoir 29/04/15	3	26	29
ISG Taistealaithe DLR	0	5	5
Deilginis 05/05/15	10	35	45
Cill Iníon Léinín 13/05/15	1	4	5
Halla an Chontae DLR (20/05/15)	3	2	5
Stigh Lorgan(Teach Altranais Belmont) 27/05/15	2	2	4
Ionad Chúram Lae Sheanchill (03/06/15)	5	25	30